Meitheamh 2007

imleabhar 9 – eagrán 2

# COURTS SERVICE NEWS

## Nuacht na Seirbhíse Cúirteanna

**Ollionad na gCúirteanna Coiriúla** le dul ar aghaidh

**An Dr. Harry Kennedy faoi agallamh**

**oscailt Tithe Cúirte i dTulach Mhór agus i mBré**



www.courts.ie

## Gné-ailt


12 Téann An Breitheamh Paul Carney go Tamhlacht

13-16 An Dr. Harry Kennedy, Stiúrthóir an Phríomhospidéil Meabhair-ghalair
ag labhairt le Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna

19-22 Ollionad na gCúirteanna Coiriúla…
faigheann sé an solas glas

28 An Chúirt Bhreithiúnais Eorpach…
ar cuairt in Éireann








## nuacht


5 Éilimh Bheaga ar Líne…
faighteoir "Dámhachtain Nuálaíocht trí Theicneolaíocht"

6 Físchomhdháil…
an nuacht is déanaí faoin dtionscadal

7 An Phríomh-Chúirt Choiriúil…
Gaillimh agus an Cabhán curtha le liosta na n-ionad

9 Oiliúint i Henley…
Nuashonrú ó POF na Seirbhíse Cúirteanna, P.J Fitzpatrickk

10 I dtreo 2016…
Míníonn Lauri Walsh an próiseas





## Nuacht chustaiméara


25 Fóram Custaiméirí…
Ag coinneáil ár gcustaiméirí ar an eolas





## Nuacht na bhfoirgneamh


17 Oscailt Teach Cúirte i mBré

18 Baile Bhlainséir & Béal an Mhuirthead

23-24 Oscailt Teach Cúirte i dTulach Mhór



Is í Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna irisleabhar na Seirbhíse Cúirteanna.
Faightear ábhar óna lán daoine éagsúla agus ní gá go mbeadh a dtuairimí ar aon dul le dearcaí ná beartais na Seirbhíse Cúirteanna. Coinníonn na heagarthóirí an ceart eagarthóireacht a dhéanamh ar gach ábhar, litreacha ina measc.
Foireann Léirithe:
Eagarthóir: Helen Priestley
Leaseagarthóir: Tony Lawlor
Eagarthóir comhlach: Gerry Curran
Catriona Nangle
Catherine O'Leary

Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna,
Oifig Faisnéise, 15-24 Sráid an Fhionnuisce Thuaidh,
Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7

Teileafón: 01-888 6459
Facs: 01-8735250

Ríomhphost: co'leary@courts.ie
Gréasán: http://www.courts.ie

Arna dhearadh ag Journeyman Productions, Digital Depot, Sráid Thomáis, Baile Átha Cliath 8

Arna Phriontáil ag Future Print 25 an Pharáid Mhór, Eastát Tionsclaíoch Bhaile Dúill, Baile Átha Cliath 13




Anois agus an samhradh buailte linn tá mothú a bheith amuigh san aer san eagrán seo de Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna. Is é an príomhalt atá againn ná síniú an chonartha don Ollionad na gCúirteanna Coiriúla i mBaile Átha Cliath (leathanaigh 19 go 22). Seo an tionscadal tógála cúirte is mó a rinneadh ón uair a bunaíodh an Stáit. Tá píosaí againn freisin faoi oscailt tithe cúirte le déanaí i dTulach Mhór (leathanaigh 23 agus 24), i mBré (leathanach 17) agus tús le tionscadal an Tí Cúirte i mBaile Bhlainséir (leathanach 18).

Is tréimhse ghnóthach a bhí ann maidir le ceapacháin freisin, le 18 ceapachán breithiúnacha nua, Cláraitheoir an Chontae nua i nGaillimh, Bainisteoir nua Réigiúin an Tuaiscirt agus 5 Príomhchléirigh sna Cúirteanna Cuarda agus Dúiche ag dul i mbun a bpost (leathanaigh 30 go 33).

Tá píosa againn freisin faoin imeacht bliantúil "Tráthnóna Samhraidh i Margadh na Feirme" do bhreithimh agus foireann atá amuigh ar a bpinsin, a bhí ar siúl i dtreo deireadh mí na Bealtaine. Bhí tráthnóna den scoth ag gach duine agus is iontach an rud é an oiread sin daoine sásta a fheiceáil ag baint sult as an ócáid.

Ar deireadh, b'fhéidir go bhfaca tú Suirbhé na Léitheoirí a d'fhoilsíomar in eagrán mí an Mhárta. Tá sé athfhoilsithe againn ar leathanach a 27 den eagrán seo chun seans eile a thabhairt daoibh bhur dtuairimí a roinnt linn. Níl deireadh ar bith lenár bhflaithiúlacht.

*Tony Lawlor*

## Foireann léirithe nua



Tony Lawlor, Catriona Nangle, Helen Priestley, Catherine O'Leary, Gerry Curran



Mary Murphy

Is le brón go bhfógraímid go bhfuil Mary Murphy (ar clé), Leaseagarthóir na nuachtlitreach imithe go hOifig an Sannaí Oifigiúil. Bhí Mary mar Leaseagarthóir againn le 4 bliana anuas. Go n-éirí leat leis an bpost nua, a Mhary. Aireoimid uainn thú i Seirbhísí Corparáideacha.

## Gné-ailt Rialta


4 Cleachtas agus Nós Imeachta

29 Scéalta Báis

30-31 Ceapacháin Bhreithiúnacha

32-33 Ceapacháin Foirne

34-35 Scor na mBall Foirne

36 Cuairteoirí

37 For-rochtain

39 Léirmheas Leabhair agus Scannán

40 Léirmheas Saoire: an Íoslainn

41 Nuacht ón gClub Sóisialta

42 Comórtas

44 Tríd an Lionsa




36



39



40

# Cleachtas agus Nós Imeachta

## Rialacha na Cúirte Dúiche

**I.R. Uimhir 82 de 2007 Rialacha na Cúirte Dúiche (Éilimh Bheaga), 2007**
Cuireann na Rialacha seo Ordú nua 53A isteach chun caomhnú leictreonach taifid a éascú.

**I.R. Uimhir 97 de 2007 Rialacha na Cúirte Dúiche (Sláinte Mheabhrach), 2007**
Cuireann na Rialacha seo isteach Ordú 84A chun nósanna imeachta agus foirmeacha a leagan síos maidir le hiarratais faoi Alt 25 den Acht um Shláinte Mheabhrach, 2001.

**I.R. Uimhir 152 de 2007 Rialacha na Cúirte Dúiche (Toghairmeacha Leanaí), 2007**
Leasaíonn na Rialacha seo Ordú 37 chun foirm Toghairmeacha Leanaí a chur ar fáil le heisiúint faoin Acht um Chúirt Ghearr, 1851 agus foirm Toghairmeacha Leanaí le heisiúint faoi Acht na gCúirteanna (Uimh.3) 1986 agus an dá acht, de réir Alt 64 d'Acht na Leanaí 2001, ag sonrú foráil d'alt 91 den Acht sin.

**I.R. 203 de 2007 Rialacha na Cúirte Dúiche (An tAcht um Cheartas Coiriúil, 2006), 2007**
Leasaíonn na Rialacha seo na hOrduithe 13, 14, 17, 26, 31 agus 100, agus cuireann siad isteach Ordú nua 28A chun foirmeacha agus nósanna imeachta a chur ar fáil maidir le hathruithe de bharr teacht i bhfeidhm forálacha áirithe den Acht um Cheartas Coiriúil, 2006.

## Rialacha na Cúirte Cuarda

**I.R. Uimhir 169 de 2007 Rialacha na Cúirte Cuarda (An tAcht um Cheartas Coiriúil, 2006), 2007**
Leasaíonn na Rialacha seo Rialacha na Cúirte Cuarda trí Ordú 68A a chur isteach díreach tar éis Ordú 68, a leagann síos nósanna imeachta de réir mar a chuirtear síos orthu san Acht um Cheartas Coiriúil, 2006.2006.

# Treoracha Cleachtais

## An Ard-Chúirt

**Eisíodh an treoir cleachtais a leanas ó Phríomh-Oifig na hArd-Chúirte. Bíonn sí ar fáil ó láithreán gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna freisin, *www.courts.ie***

### Athbhreithniú Breithiúnach, Tearmann agus Imirce. Aighneachtaí dlíthiúla agus páipéir le héisteacht.

Beidh na treoracha cleachtais seo i bhfeidhm ó Théarma na Cásca 2007 ar aghaidh maidir le héisteacht gach iarratas ar chead de bhun Alt 5 den Acht um Inimircigh Neamhdhleathacha (gáinneáil), 2000 agus éisteacht gach iarratas ar athbhreithniú breithiúnach a bhfuil an cead sin deonaithe sa liosta Tearmainn agus Inimirce.

1. Seachadfaidh iarrthóirí cuntas ar aighneachtaí dlíthiúla 21 lá roimh dháta na héisteachta. Nuair nach bhfuil iarrthóir ag lorg cead ar cheann amháin nó níos mó de na forais a leagadh amach sa ráiteas forais sonróidh an breac-chuntas aighneachtaí dlíthiúla an méid sin.
2. Seachadfaidh freagróirí cuntas ar aighneachtaí dlíthiúla 14 lá roimh dáta na h-éisteachta. Nuair nach bhfuil freagróir ag cur in aghaidh ceada ar fhoras amháin nó níos mó sa ráiteas forais sonróidh an breac-chuntas aighneachtaí dlíthiúla an méid sin.
3. Má theipeann ar chomhdú agus seachadadh na haighneachtaí seo is féidir le caillteanas dáta éisteachta nó drochthorthaí maidir le costais a bheith mar thoradh air.
4. Ba chóir d'aturnaethe an iarrthóra páipéir don éisteacht, ina measc aighneachtaí i scríbhinn, a lóisteáil sa seomra liosta de Phríomh-Oifig na hArd-Chúirte trí lá oibre roimh dáta na héisteachta.
5. Meabhraítear do chleachtóirí maidir le hiarratais cead eisiúna athbhreithniú breithiúnach go bhfuil sé mar aidhm ag breac-chuntas aighneachtaí dlíthiúla an iarrthóra an foras suntasach le háitiú nach bhfuil an cinneadh a bhfuil dúshláin á dhéanamh ina choinne bailí a aithint, agus ní chun na hargóintí i bhfábhar an faoisimh iarrtha a leagan amach ina iomláine. Ar an gcaoi céanna is í an aidhm atá le haighneacht an fhreagróra ná an bonn nach bhfuil forais suntasacha ann de réir mar a áitítear iad a leagan amach, agus ní chun na hargóintí i bhfábhar an áitiú nach bhfuil an iarrthóir i dteideal an faoiseamh substainiúil atá á iarraidh a dhéanamh.
6. Seachas i gcásanna eisceachtúla ní gá do na breac-chuntais aighneachtaí a chuirtear isteach faoin dtreoir cleachtais seo dul thar trí leathanach.

## An Chúirt Dúiche

**Eisíodh an treoir cleachtais a leanas ón gCúirt Dúiche. Tá sí ar fáil ó láithreán gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna freisin, *www.courts.ie***

### Atráthanna

1. Nuair atá cás á shocrú le héisteacht caithfidh na páirtithe sa chás sin meastachán a thabhairt don Chúirt ar an méid ama a thógfaidh an éisteacht sin.
2. Nuair a mheastar go dtógfaidh cás níos mó ná dhá uair an chloig, socrófar an cás le héisteacht speisialta. Cuirfear cásanna ina bhfuil níos mó ná dhá uair an chloig ag teastáil uathu isteach le tagairt ceithre sheachtaine roimh dáta na héisteachta, nuair a deimhníonn Aturnaetha an dá pháirtí go bhfuil an cás réidh le dul ar aghaidh.
3. Ní dheonófar atráth nó athchuir nuair atá cás socraithe le héisteacht. In imthosca eisceachtúla amháin, is féidir iarratas ar atráth nó athchuir a dhéanamh leis an gCúirt ar a laghad 7 LÁ roimh dáta na héisteachta ar fhógra 48 UAIRE don pháirtí eile.

# Dámhachtain mhór buaite ag Éilimh Bheaga ar Líne

**Bhí seaimpéin ag sileadh tar éis d'Éilimh Bheaga ar Líne dámhachtain mhór a bhuachan ag na 'Dámhachtainí Nuálaíocht trí Theicneolaíocht' urraithe ag Eircom, le deanaí. Don Bhainisteoir Tionscnaimh, Michael Byrne agus gach duine a raibh baint acu leis an dtionscadal, is aitheantas tuillte a bhí ann ar jab maith. Labhraíomar le Michael i ndiaidh na hócáide.**

"Ba mhór an onóir é an dámhachtain seo a bhuachan", arsa Michael. "Aitheantas a bhí ann ar na hiarrachtaí iontacha a rinne go leor daoine chun Éilimh Bheaga ar Líne a chur ar fáil, an chéad seirbhís leictreonach uainn. Aitheantas maith a bhí ann do Sheirbhís na Cúirteanna mar eagraíocht agus ar an dtiomantas atá againn bealaí nua a fhorbairt chun seirbhisí a sheachadadh don saoránach. Spreagfaidh sé muid chun seirbhísí níos luachmhara agus níos nuálaí fós a chur ar fáil dár gcustaiméirí ".

Tá sé mar sprioc ag Dámhachtainí 'Nuálaíocht trí Theicneolaíocht Eircom' aitheantas a thabhairt do sármhaitheas agus cruthaíocht i dtionscnaimh theicneolaíochta san earnáil poiblí ar fad. Is cás taispeántais iad na dámhachtainí, thar seacht gcatagóirí, ar chaighdeán agus ar éagsúlacht roinnt de na tionscnaimh nuálaíocht theicneolaíochta is fearr a rinneadh in Éirinn le 12 mhí anuas. Bhí tionscnamh ar bith san earnáil poiblí in ann cur isteach air, mar a rinne go leor leor, rud a dhéanann níos fearr fós an bua.

"Chuireamar Éilimh Bheaga ar Líne isteach sa chatagóir "Tionscnamh is fearr ó Rialtas go Saoránach", a mhíníonn Michael. "Tugann sé seo aitheantas do thionscnamh a léiríonn seachadadh éifeachtúil seirbhíse chuig nó idirghníomhú le saoránaigh. Cheapamar gur sampla den scoth a bhí sa gcóras seo againne den chaoi gur féidir leat seirbhísí éifeachtúla a chur ar fáil do shaoránaigh thar an Idirlíon agus leibhéal nua de sheirbhís custaiméara a bhaint amach. Bhíomar ag iarraidh béim a leagadh air go bhfuilimid tiomanta seirbhísí leictreonacha a sheachadadh agus aitheantas a thabhairt d'iarrachtaí móra na foirne tionscnaimh tras-stiúrthóireachta. Bhíomar ag iarradh béim a leagan ar thiomantas na Seirbhíse Cúirteanna do pholasaí an Rialtais maidir le ríomh-Rialtais".




An tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, Noel Dempsey, T.D., Michael Byrne (Stiúrthóireacht TFC) agus an tUas. Leonie Lunney, Príomhfheidhmeannach Faisnéis do Shaoránaigh.

Go traidisiúnta bhí córas na nÉileamh Beag bunaithe ar úsáid an pháipéir. Go hiondúil bhí ar dhuine a bhí ag iarraidh éileamh a dhéanamh dul chuig oifig na Cúirte Dúiche chun an t-éileamh a chur isteach. "Le tabhairt isteach an chórais ar líne, is féidir leis an úsáideoir an t-iarratas a líonadh agus táille na cúirte a íoc ar líne ó chompord a dteach nó a oifig idir ló agus oíche", a deir Michael. Is áis 24/7 í. "Is féidir leo stádas an éilimh a leanúint ar líne freisin. Má theipeann an nasc ag ríomhaire an úsáideora le linn dóibh an t-iarratas a dhéanamh, sábháiltear na sonraí a iontrálaíodh agus téann ríomhphost amach don úsáideoir go huathoibríoch le nasc chuig an iarratas sábháilte. Ar an gcuma seo tá siad in ann an buniarratas sábháilte a chríochnú taobh istigh de 14 lá".

Ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla araon, cuirtear córas iarratais ar líne ar fáil atá soláimhsithe agus éasca le n-úsáid. "Is seirbhís áisiúil í i sochaí soghluaiste atá i gcónaí ag athrú", arsa Michael.

Cé go bhfuil Michael ag déanamh na cainte ar fad mar Bhainisteoir Tionscnaimh, thapaigh sé an deis le rá gur iarracht iontach foirne a bhí i gceist. "Is í Audrey Cadden, atá anois ina comhphríomhchléireach i gCúirt Dúiche Bhaile Átha Troim, a chur tús leis an dtionscnamh. Ba hiad na baill foirne ná Patrick Johnson (in Acmhainní Daonna anois), Jim Finn (atá mar Scrúdaitheoir na hArd-Chúirte anois), Noel Brennan (Príomhchléireach i gCúirt Dúiche an Chabháin), Brian Battelle (in oifig sibhialta Dúiche Cathrach Bhaile Átha Cliath anois), Mary O'Mara (in Oifig Réigiún an Oirthir anois) agus Anne Marie James (Oifig Dlí Teaghlaigh na Cúirte Dúiche) le cabhair ó Mary Murphy agus Sile O'Neill ó fhoireann an láithreán gréasáin. Gan dearmad a dhéanamh ar In.vision Research Limited a d'fhorbair an córas, Fujitsu Services a chabhraigh le cur i bhfeidhm an tionscnaimh agus an fhoireann sna hoifigí i mBaile Átha Cliath agus ar fud na tíre a chabhraigh le tástáil an threoirthionscadail".

Bhí an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, Noel Dempsey, T.D ann chun an cur i láthair a dhéanamh ar an oíche. "Táim ag labhairt le saineolaithe anseo" a d'admhaigh sé, ag aithint na mórghníomhartha atá na seirbhísí poiblí ag déanamh chun réimse agus caighdeán na seirbhísí ríomhRialtais don saoránach a fheabhsú.

Tá 'Maith sibh' ag dul do gach duine a raibh baint acu i bhforbairt Éilimh Bheaga ar Líne go dtí seo ó Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna. Táimid ag tnúth le bheith ag leanúint an dul chun cinn a dhéantar air ar fud na tíre amach anseo.

(féach leathanach 11 freisin i gcomhair sonraí faoi dhámhachtain eile)



Ó chlé: John Coyle (Stiúrthóir TFC), Mark Krawczyk (In.Vision Research Ltd.), Noel Brennan (Oifig Chúirt Dúiche an Chabháin), Brian Battelle (Oifig Sibhialta na Cúirte Dúiche), Michael Byrne (Stiúrthóireacht TFC), Helen Priestley (Oifig Faisnéise), An tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, Noel Dempsey, T.D.



Ó chlé Mary Murphy (Oifig an Sannaí Oifigiúil), Michael Byrne (Stiúrthóireacht TFC), Brian Battelle (Oifig Sibhialta na Cúirte Dúiche), Patrick Johnson (Stiúrthóireacht Acmhainní Daonna), Noel Brennan (Oifig Chúirt Dúiche an Chabháin), Anne Marie James (Oifig Dlí Teaghlaigh na Cúirte Dúiche), Mary O'Mara (Oifig Réigiún an Oirthir)

# Fianaise físeáin - an todhchaí ag teacht go dtí an seomra cúirte

**Céard atá i gceist le teicneolaíocht an 21ú haois a chuir isteach sa seomra cúirte? D'iarramar ar Ciaran Caverly ón Stiúrthóireacht TFC seo againne labhairt linn faoin iarracht atá ar bun na háiseanna a fheabhsú le go mbeidh finnéithe in ann fianaise a thabhairt go cianda:**



Ciaran Caverly ón Stiúrthóireacht TFC

Trí fianaise a thabhairt ag úsáid nasc físe beidh finnéithe leochaileacha in ann páirt a ghlacadh in imeachtaí na cúirte trí fianaise a thabhairt taobh amuigh den seomra cúirte ó áit cianda. Mar chuid den tógáil agus athchóiriú mór ar fhoirgnimh na cúirte, tá an tSeirbhís Chúirteanna ag cur isteach an trealamh atá ag teastáil i seomraí cúirte i mBaile Átha Cliath agus ar fud na tíre. "Le roinnt míonna anuas tá trealamh nua curtha isteach againn i gcúig seomraí cúirte sna Ceithre Chúirt", arsa Ciaran. "Bhí orainn dul i mbun oibre thart ar shuíomhanna na cúirte. Go hiondúil thosaigh an obair ag 4 i.n. ar an Aoine agus lean sé ar aghaidh ar an Sathairn. Bhí orainn trealamh speisialta físchomhdhála a chur isteach san áiléar chomh maith leis an dtrealamh chun na cúig cúirteanna a cheangal le dhá sheomra finnéithe speisialta in Áras Uí Dhálaigh".



An sean...

Tá trealamh i gcomhair nasc físe anois ar fáil i gCúirteanna 12, 13 agus 16 san Ard-Chúirt agus Cúirteanna 23 agus 29 sa Chúirt Chuarda. Cuireadh trealamh nua isteach freisin i sa dá sheomra finnéithe in Áras Úi Dhálaigh agus in áiléar an Sciatháin Thiar. Tá físchomhdháil agus fístaispeáint ar fáil sna cúirteanna seo freisin.

Cuireadh trealamh fístaispeána isteach i seacht gcúirt sna Ceithre Chúirt le déanaí freisin. Tá na háiseanna nua i gCúirteanna 1, 2, 3 agus 15 san Ard-Chúirt agus Cúirteanna 24, 25 agus 26 sa Chúirt Chuarda. "Níl ar na Gardaí trealamh toirtiúil a bhogadh chun CCTV a thaispeáint sa seomra cúirte níos mó", arsa Ciaran, ag míniú go bhfuil treoracha atá éasca le léamh agus le leanúint i ngach cúirt ag cur síos ar an gcaoi leis an dtrealamh a úsáid chun físeanna VHS nó dioscaí DVD a thaispeáint. Is féidir ríomhaire glúine a cheangal agus taispeántar gach rud ar scáileáin mhóra 46".

"Tá trealamh curtha isteach againn i go leor ionad ar fud na tíre", a deir Ciaran linn. "Ina measc tá na tithe cúirte a osclaíodh le déanaí i dTulach Mhór agus i mBré. Tá trealamh sa seomra cúirte nua i dTulach Mhór i gcomhair nasc físe, fístaispeáint agus físchomhdháil. Úsáideadh an dá scáileán 46" ag an searmanas oscailte chun grianghraif den teach cúirte iontach nua a thaispeáint. Tá trealamh fístaispeána i mBré freisin agus arís bhí an trealamh seo ag taispeáint grianghraif den foirgneamh cúirte álainn nua le linn searmanas oscailte le déanaí".




Glacann Ciaran buíochas speisialta leis an bhfoireann sna hoifigí cúirte. "Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt don chabhair ar fad a fuaireamar agus muid ag 'glacadh seilbh' na seomraí cúirte". Thug sé moladh speisialta do Eugene Lynch sna Ceithre Chúirt. "Ba mhaith liom cinntiú le gach duine gur fiú aon míchaoithiúlacht a bhí ann mar gheall go bhfeabhsaíonn an trealamh nua cumas na Seirbhíse Cúirteanna seirbhísí d'ardchaighdeán a chur ar fáil. "Is é an rud is tábhachtaí ná áiseanna a fheabhsú do na húsáideoirí ar fad sna cúirteanna", arsa Ciaran, ag meabhrú dúinn go leanfaidh clár oibre ar aghaidh ag ionaid difriúla sna míonna amach romhainn.




... agus an nua

## Bord an Thionscadail Físchomhdhála

- **Margaret O'Neill, Oibríochtaí na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche (Urraí Gnó)**
- **Darach Green, Stiúrthóireacht TFC**
- **Ciaran Caverly, Stiúrthóireacht TFC**
- **Derek Bunyan, An tOifig Coimeádta, Cúirt Dúiche Cathrach Bhaile Átha Cliath (Comhordaitheoir Gnó)**
- **Mick Brady agus Tom Fitzsimons, Na Ceithre Chúirt**
- **Wayne Font, Oifig Sibhialta na Cúirte Cuarda**
- **Colm O'Tuathaill, Bainisteoir Tionscnaimh Damovo**
- **Liam Walsh, Príomh-Innealtóir, Fitting Image**

# Cuirtear dhá ionad nua leis an bPríomh-Chúirt Choiriúil



Cúirt uimhir 1, na Ceithre Chúirt.

**Gaillimh**
Cruthaíodh píosa staire le deanaí nuair a thosaigh an chéad triail dúnmharaithe i nGaillimh ó bhunaíodh an Stáit. Cúisíodh Kieran Lynch, as Eas Geitine i gCo. Luimnigh ó dhúchas, i ndúnmharú a pháirtí, Catherine McEnery.

Ba é an chéad triail a éisteadh i nGaillimh ó bhí na dúnmharuithe míchlúiteacha Maamtrasna ann in 1882. Sa chás sin tugadh deichniúr roimh chúirt i nGaillimh le cur faoi thriail as dúnmharú cúigear de mhuintir Seoige i gConamara.

**an Cabhán**
Don chéad uair ó bhunaíodh an Stáit shuigh an Phríomh-Chúirt Choiriúil sa Chabhán le déanaí le héisteacht le triail dúnmharaithe inar cúisíodh náisiúnach na Liotuáine as marú comhnáisiúnach leis i 2005.

Dúirt an Breitheamh Paul Carney ag tús na Cúirte gur "ócáid stairiúil í seo do Chontae an Chabháin os rud é gurb é an chéad uair riamh a shuigh an Chúirt sa Chontae". Shonraigh sé freisin gurb é "an Phríomh-Chúirt Choiriúil rannóg choiriúil na hArd-Chúirte agus nach mbíonn an Chúirt ag déileáil ach leis an gcion is tromchúisí, dúnmharú". An uair seo bhí an Chúirt ag déileáil le Laimonas Mackevicius a chúisíodh as dúnmharú Mindiugas Janavicius ar an 24 Iúil, 2005.

De réir cartlann an Anglo Celt bhí go leor trialacha dúnmharaithe sa Chabhán sna 1890idí, le go leor daortha chun báis ina ndiaidh. Crochadh iad siúd a ciontaíodh ar thailte príosúin an Chabháin, atá anois mar láthair Scoil Bhuachaillí De La Salle. Tharla an triail dúnmharaithe deireanach sa Chontae i 1920. Thosaigh sé i mBaile Shéamais Dhuibh ach chríochnaigh sé ar deireadh ag Seisiúin Uladh, a bhí ina suí i mBéal Feirste. Bhain an cás le Brendan Farrelly Uasal a cúisíodh as dúnmharú. Tar éis dó a bheith éigiontaithe ar an 11 Nollaig, 1920 bhí sé ar ais roimh an gCúirt ar Eanáir 21, 1921 cúisithe as dúnmharú John Joe Smith.

Mhair triail Laimonas Mackevicius ar feadh seachtaine agus ar an gcúigiú lá phléadáil an tUasal Mackevicius ciontach as dúnorgain.

## An Phríomh-Chúirt Choiriúil ar fud na tíre

Go traidisiúnta, shuigh an Phríomh-Chúirt Choiriúil i mBaile Átha Cliath amháin. Le blianta beaga anuas, mar iarracht an tréimhse feithimh do thrialacha a laghdú, lonnaigh an Chúirt in ionaid difriúla ar fud na tíre. I 2006, shuigh an Chúirt i sé ionad taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath - Inis, Port Láirge, Trá Lí, Corcaigh, Luimneach agus Cnoc na Seimre - ar feadh 52 lá san iomlán. Laghdaítear costais taistil agus costais eile a bhaineann le bheith ina suí i mBaile Átha Cliath trí a bheith ina suí in ionaid áitiúla do go leor dóibh siúd a bhfuil baint acu le próiseas na trialach, ina measc aturnaethe, abhcóidí, na Gardaí, An tSeirbhís Phríosúin, finnéithe agus íospartaigh. Is féidir dátaí éisteachta a dhéanamh níos túisce, rud a laghdaíonn tréimhsí feithimh.

Ní bheadh an clár atá ag an bPríomh-Chúirt Choiriúil lonnú ar fud na tíre indéanta go dtí le déanaí de bharr an drochbhail a bhí ar go leor de na foirgnimh cúirte. Chabhraigh an clár mór tógála agus athchóirithe foirgnimh chúirte a rinneadh le seacht mbliana anuas go mór leis an gcóras nua. "Ciallaíonn sé go bhfuil a ndóthain seomraí cúirte nua-aimseartha leis na háiseanna a ghabhann leo i bhformhór na gcontaetha chun níos mó suíonna cúirte chur ar siúl", arsa Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin na Seirbhíse Cúirteanna, P.J. Fitzpatrick.

# Ag roinnt smaointe le comhghleacaithe ó Sheirbhís Chúirte Thuaisceart Éireann

**Ba phointe áisiúil leathbhealaí a bhí sa Slieve Russell Hotel sa Chabhán do bhainisteoirí sinsearacha ó Sheirbhís Chúirte Thuaisceart Éireann chun casadh le comhghleacaithe ón nDeisceart le déanaí. Tá go leor i gcoiteann ag na saincheisteanna atá siad ag dul i ngleic leo araon agus tá fáilte i gcónaí roimh deiseanna taithí a chur i gcomparáid agus pleananna don todhchaí a chloisteáil.**

I measc na n-imeachtaí a bhí ar siúl sa seisiún lae bhí cur i láthair le Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin na Seirbhíse Cúirteanna, P.J. Fitzpatrick, maidir le gníomhaireacht neamhspleách a bhunú chun na Cúirteanna a bhainistiú. Ina dhiaidh sin bhí sonraí ó Sheirbhís Chúirte Thuaisceart Éireann maidir leis na heochair-thosaíochtaí do na cúirteanna i dTuaisceart Éireann de bharr an t-athrú sa thírdhreach polaitiúil. Bhain bainisteoirí leas as an ndeis plé a dhéanamh ar cheisteanna difriúla lena chéile. I measc na n-ábhar a pléadh bhí oibríochtaí cúirte, foirgnimh, teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, rialachas, acmhainní daonna agus bainistiú airgid.

“Tá neart le foghlaim ó bheith ag caint le chéile,” arsa P.J Fitzpatrick. “Tá go leor i gcoiteann againn agus go leor againn le roinnt”.



Ó chlé: John Coyle (Stiúrthóir TFC), Nuala McLoughlin (Stiúrthóir Oibríochtaí, an Ard-Chúirt agus an Chúirt Uachtarach) agus David Thompson (Stiúrthóir Airgeadais Sheirbhís Chúirte Thuaisceart Éireann)

# Cá bhfuilimid lenár n-athbhreithniú ar an bpróiseas sibhialta?

**San eagrán deireanach labhraíomar le hAngela Denning ó fhoireann tionscadail an Chórais Bainistíochta um Chásanna Sibhialta (CBCS), a mhínigh cúlra agus aidhm an tionscadail. D’éirigh linn bualadh lena comhghleacaí, Jim Finn le déanaí le fáil amach cén chaoi a bhfuil an tionscadal ag dul ar aghaidh. Thosaigh Jim le meabhrachán dúinn cén fáth a bhfuil an tionscadal ar bun:**

Mhol straitéis TFC na Seirbhíse Cúirteanna don tréimhse 2006 – 2010 go ndéanfar athbhreithniú ar phróisis dlí teaghlaigh agus dlí sibhialta leis an sprioc caighdeánú a dhéanamh, sa mhéid agus is féidir, ar phróisis thar réigiúin agus dlínsí, ag feabhsú éifeacht agus seirbhís custaiméara, mar an chéad céim i dtreo réiteach comhtháite bainistíochta cásanna. Déanfaidh an t-athbhreithniú próisis a athdhearadh chun tacú le réiteach comhtháite amháin bainistíochta cásanna a thabhairt isteach agus ríomh-Sheirbhísí a chur ar fáil.

Tá comhairleoirí fostaithe ag an tSeirbhís Chúirteanna chun an obair seo a leanas a dhéanamh:

- Doiciméadú a dhéanamh ar na próisis dlí teaghlaigh agus dlí sibhialta atá ann faoi láthair (an “mar atá”)
- Moltaí a dhéanamh ar shimpliú agus ar chaighdeánú san áit ar chuí agus ar indéanta é, a dhéanfaidh an tSeirbhís Chúirteanna breithniú air
- Doiciméadú a dhéanamh ar na próisis gur cheart dúinn a úsáid sa todhchaí, comhaontaithe leis an Seirbhís Chúirteanna (an “mar a bheidh”)

Thosaigh ceardlanna agus agallaimh chun na próisis a dhoiciméadú “mar atá” i mí an Mhárta. D’oibríomar le baill foirne in oifigí i mBaile Átha Cliath chomh maith le baill foirne in oifigí na Cúirte Dúiche sa Nás agus i Luimneach agus oifigí na Cúirte Cuarda i gCorcaigh agus i Ros Comáin. Tá dréachtaí de chur síos mionsonraithe ar phróisis teaghlaigh agus sibhialta déanta againn le go ndéanfaidh bainisteoirí agus foirne bailmheas orthu. Tá an oibríocht bailmheasta seo ar bun thar na hoifigí ar fad a bhí páirteach. Cinntíonn an cur chuige cabhrach díograiseach a ghlac an fhoireann agus na bainisteoirí a bhí páirteach sna ceardlanna agus agallaimh orthu féin go mbeidh ardchaighdeán sa tuarascáil deireadh “mar atá” agus go mbeidh a ndóthain eolais ann.

Tá sé i gceist againn go dtosóidh an dara céim den tionscadal – forbairt sraith próisis ardleibhéal “mar a bheidh” trí cheardlanna le bainisteoirí sinsearacha agus bord an thionscadal i mí an Mheithimh 2007. Beidh forbairt ar thacar próisis mionsonraithe “mar a bheidh” mar chríoch ar an dtionscadal.




Chun tuilleadh eolais a fháil nó chun smaointe a sheoladh ar cén chaoi le próisis a fheabhsú téigh i dteagmháil le Jim Finn ag 01-888 6711 nó Angela Denning ag 01-888 6833.

# Oiliúint bainistíochta – cé atá in ann dul agus cén fáth?

**In eagrán mí an Mhárta d'insíomar libh faoi thionscnamh le déanaí a bhfaca grúpaí bainisteoirí meánacha óna Seirbhíse Cúirteanna ag dul go Henley Management College i Sasana i gcomhair roinnt oiliúna thar a bheith suimiúil. Ar chóir go n-aireofá fágtha ar lár mura bhfuair tú cuireadh dul ann? Agus cén fáth a theastaíonn oiliúint bainistíochta uainn ar aon nós? Agus níos tábhachtaí fós, an bhfuil aon mhaith ann? D'iarramar ar an bPríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin, PJ Fitzpatrick roinnt ceisteanna a fhreagairt dúinn.**

**Thosaíomar leis an gceist cén fáth a raibh gá ann baill foirne a chuir chuig coláiste bainistíochta?**

"Cheapamar de bharr na dúshláin atá roimh an tSeirbhís Chúirteanna ag dul chun tosaigh gur theastaigh ó bhainisteoirí nochtadh a fháil ar na smaointe is déanaí maidir le forbairt eagraíochtúil, ceannasaíocht straitéiseach agus bainistiú athruithe. Tá sraith tionscadail claochlúcháin ag tiomáint Clár na Seirbhíse Cúirteanna um Athrú chun cinn (Córas Cuntasaíochta na gCúirteanna (CCC), Córas Cuntasaíochta Airgid (CCA), Córas um Rianú Cás Coiriúil (CRCC), Ollionad na gCúirteanna Coiriúla (OCC), Pleanáil Gnó, An Córas Bhainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) atá agus a bheidh ag athrú an chaoi a rachaimid i mbun oibre. Go háirithe ardaíonn na tionscadail seo dúshláin shuntasacha don eagraíocht go háirithe an chaoi a mbainistítear athruithe go hinmheánach agus go seachtrach.

> **"Bhí deiseanna ann agus beidh amach anseo do na bainisteoirí ar fad chun na scileanna agus an t-eolas a theastaíonn a fháil"**

Leag an clár dúshláin ar bhainisteoirí sinsearacha ina n-aonar an chaoi a n-idirghníomhann siad le heochairpháirtithe leasmhara a athcheapadh. D'iarr sé orthu tiomantas a chothú i measc baill foirne freisin dul ar aghaidh go dtí an chéad leibhéal eile.

Níl athrú éasca ar eagraíocht nó ar dhuine ar bith. Le bheith rathúil, tá sé tábhachtach go gcothaítear muinín pearsanta i measc ár mbainisteoirí go bhfuil siad in ann na hathruithe a dhéanamh. Ní féidir leis an bpróiseas seo tarlú ach amháin nuair a chreideann bainisteoirí go bhfuil na scileanna agus an t-eolas a theastaíonn acu chun ceannasaíocht a chur ar fáil le go dtarlódh an t-athrú sin. Dar liomsa, agus leis an bhFoireann Bainistíochta Sinsearach, gurb é tús leis an bpróiseas scileanna agus eolas a chur ar fáil do dhaoine é úsáid a bhaint as coláiste bainistíochta aitheanta.



P.J. Fitzpatrick, P.O.F. An tSeirbhís Chúirteanna

Tá tionscnaimh eile a chabhróidh le forbairt bhainisteoirí. Ina measc tá oiliúint fheidhmeannaigh, freastal ar chomhdhálacha, ceardlanna agus seimineáir agus spreagadh chun forbartha a dhéanamh i d'aonar.

**Tá an chuma air go mbeidh sé deacair. Cén fáth a roghnaíodh Henley don oiliúint?**

"Tá na dúshláin an-mhór. Déantar infheistíocht ar shuimeanna móra airgid poiblí sna tionscadal ar fad a bhíonn idir lámha againn. Mhothaíomar dá mba rud é go rabhamar chun infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt eocharbhainisteoirí gur chóir go mbeadh sé ar siúl i gcoláiste le cáil idirnáisiúnta den scoth aige agus ceann a bhfuil taithí cláracha rathúla a chur ar fáil d'eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha araon aige. Tá clár oscailte forbartha ag Henley a a ndearna muid iniúchadh air chomh maith le cláracha coláistí eile a chreideamar a bhí oiriúnach do na riachtanais atá againn mar eagraíocht.

> **"Áirítear Henley ar cheann de na 10 gcoláistí bainistíochta is fearr ar domhain"**

Áirítear Henley ar cheann de na 10 gcoláiste bainistíochta is fearr ar domhain. Freisin is eagraíocht taighde ceannasach é sa réimse oibre ina n-oibríonn muidne. Chuir sé réimse teagascóirí agus aoichainteoirí ar fáil dúinn a nochtaigh uirlisí agus smaointe dár bhfoireann a chabhróidh leo dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann leis an gclár claochlúcháin atá ar bun againn faoi láthair. Ar leibhéal an duine aonair spreagann sé na páirtithe chun dul i mbun an próiseas foghlama nuair a úsáidtear coláiste leis an gcáil atá ag Henley".

> **"Leag an clár dúshláin ar bhainisteoirí sinsearacha ina n-aonar an chaoi a idirghníomhann siad le heochairpháirtithe leasmhara a athcheapadh"**

**Níor fhreastail na bainisteoirí meánacha ar fad ar Henley. Mar sin cé a d'fhreastail agus cén fáth ar roghnaíodh iad?**

"Mar atá ráite agam cheana tá sraith tionscadail claochlúcháin ag tiomáint Clár na Seirbhíse Cúirteanna um Athrú, CCC/ CCA/ CRCC/ OCC/ Pleanáil Gnó/CBFF. Shocraíomar gurb é an eochairghrúpa chun tús a chur leis an gclár ná na heochairbhainisteoirí atá páirteach sna cláracha seo. Daoine atá ina nUrraithe Tionscnaimh, Bainisteoirí Tionscnaimh, Ceannairí Gnó agus baill den Bhord Tionscnaimh a bhfuil freagracht orthu na cláracha seo a chur i bhfeidhm. Sé an dúshláin atá rompu ná na tionscnaimh seo a thabhairt tríd na céimeanna difriúla agus críoch rathúil a thabhairt orthu.

**Céard a deir sé faoi na daoine nár roghnaíodh?**

"Ní deir sé tada fúthu siúd nár roghnaíodh an uair seo le freastal ar an gcéad dá chlár. Táimid tiomanta go hiomláin maidir le forbairt ár mbainisteoirí ar fad. Bhí deiseanna ann agus beidh amach anseo do na bainisteoirí ar fad chun na scileanna agus an t-eolas a theastaíonn a fháil chun a gcumas féideartha a chomhlíonadh agus a ngairmeacha beatha a fhorbairt".

**Tá an chuma ar an scéal gur fiontar suimiúil a bhí ann. An bhfuil sibh críochnaithe le Henley?**

"Táimid ag déanamh athbhreithniú ar an gcéad dá chlár le Henley faoi láthair agus táimid ag fiosrú an féidearthacht do thriú clár i mí Mheán Fómhair".

**Mar sin réitígí sibh féin, b'fhéidir go mbeidh tusa ar an gcéad liosta eile do Henley!**

# Nuáil sa tSeirbhís Chúirteanna: 'Dul Chun Cinn a Choinneáil' agus 'I dTreo 2016'

**Tá nuachóiriú seirbhísí poiblí go hard ar chlár oibre Rialtas ar bith. Teastaíonn luach ar airgead níos fearr, cleachtais níos comhtháite agus seirbhís custaiméara feabhsaithe ó Rialtas ar bith – agus déanann gach eagraíocht poiblí a ndícheall iad a chur ar fáil. Mar sin cén chaoi a léiríonn an Rialtas an méid atá ag teastáil uaidh? Agus cén chaoi a léiríonn eagraíochtaí seirbhíse poiblí an méid atá déanta acu é sin a sholáthar? Agus cén spreagadh atá ann do na baill foirne a sheachadann é sin? Chuireamar na ceisteanna sin ar Lauri Walsh ón Stiúrthóireacht um Acmhainní Daonna, comhordaitheoir tuarascálacha nuachóirithe don tSeirbhís Chúirteanna.**

"Tá leasú ar sheirbhís poiblí ar bharr an liosta ag gach duine", a mhíníonn Lauri. "An Rialtas, an pobail, Éire Corparáideach, an tseirbhís poiblí é féin – tá siad ar fad ag iarraidh feabhsúcháin a fheiceáil. Shuigh an Rialtas síos leis na gcomhpháirtithe sóisialta gach trí nó ceithre de bhlianta le scór bliain anuas (ina n-áirítear ceardchumainn, eagraíochtaí fostóirí, agus grúpaí a dhéanann ionadaíocht ar an sochaí sibhialta níos leithne agus réimsí leasa difriúla). Ar deireadh bíonn comhaontú comhpháirtíochta sóisialta mar thoradh ar na gcainteanna seo a leagann amach spriocanna comhaontaithe faoi réimse ceannteidil. I measc rudaí eile, leagann comhaontuithe náisiúnta amach liosta riachtanais don Sheirbhís Poiblí agus go hiondúil bíonn luach ar airgead agus ardchaighdeán seirbhísí poiblí i gceist anseo."

> **"Tá leasú ar sheirbhís poiblí ar bharr an liosta ag gach duine", a mhíníonn Lauri. "An Rialtas, an pobal, Éire Corparáideach, an tseirbhís phoiblí í féin – tá siad ar fad ag iarraidh feabhsúcháin a fheiceáil."**

Tugann Lauri na blianta 2003-2006 mar shampla. Tugtar 'Dul Chun Cinn a Choinneáil' ar an gComhaontú Náisiúnta don tréimhse sin. Ceann de na trí aidhmeanna leathan a bhí aige ná 'Sochaí Chothrom Uilechuimsitheach a Sheachadadh'. Bhí tiomantas maidir le nuachóiriú na Seirbhíse Poiblí i gceist anseo le béim ar leith ar an bhfáil atá ar sheirbhísí poiblí d'ardchaighdeán. Bhí ar an Seirbhís Chúirteanna chomh maith le go leor eagraíochtaí poiblí eile plean gnímh a chur ar fáil chun aidhmeanna an chomhaontú seo a chur i bhfeidhm.

Bhí go leor de na spriocanna inár bplean gnímh 'Dul Chun Cinn a Choinneáil' mar chuid dár smaoineamh straitéiseach cheana féin. "Bhíomar ag nuachóiriú ar aon nós mar chuid den ruathar a bhí fúinn Seirbhís Chúirteanna den scoth a chur ar fáil", a meabhraíonn Lauri dúinn.

"Thug an comhaontú deis eile dúinn an dul chun cinn atá déanta againn, agus atáimid fós ag déanamh, a léiriú, i réimsí cosúil le teicneolaíocht nua agus ríomh-Rialtais, agus rialú, infrastruchtúr agus pleanáil níos fearr ."

I measc na rudaí a tugadh chun críche bhí Cairt Chustaiméirí, Nós Imeachta na nGearán agus bunú grúpaí úsáideoirí cúirte difriúla. Samplaí maithe eile a bhí in úsáid ná teicneolaíochta faisnéise chun seirbhísí a fhorbairt agus seirbhís custaiméara a fheabhsú (mar shampla an Córas Bainistíochta um Chásanna Coiriúla, an Tionscnamh Éilimh Bheaga ar Líne agus an láithreán gréasáin), bunú struchtúirí soláthair agus struchtúirí comhpháirtíochta príobháidí poiblí, Lár-Oifig na gCistí atá anois ag déileáil le bainistiú agus infheistíocht cistí Mionaoisigh agus Coimircithe cúirte agus le réimse eolais a chur ar fáil don phobail.

**'I dTreo 2016'**

Is é an Comhaontú Náisiúnta a chlúdaíonn na blianta 2006 go 2015 é 'I dTreo 2016'. Is creat 10 mbliana é i gcomhair athrú sóisialta agus eacnamaíoch, ina bhfuil seirbhísí á dhearadh thart ar riachtanais na ndaoine. Tá béim láidir ar nuachóiriú agus ar sholúbthacht.






Lauri Walsh, An Stiúrthóireacht um Acmhainní Daonna

"Táimid ag daingniú agus ag tógáil ar an obair atá déanta agus léiríonn ár bPlean Gnímh 'I dTreo 2016' é seo", arsa Lauri.

Leagann 'I dTreo 2016' béim mhór ar nuachóiriú agus solúbthacht agus is féidir torthaí roinnt de na gealltanais seo a fheiceáil cheana féin.

Is cinnte go bhfuil an fhoireann ar an eolas faoin gcruth nua atá ar an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta. Bunaíodh an Oifig Cuntasaíochta Cúirteanna chun déileáil le próiseáil lárnach na n-idirbheart airgeadais in oifigí na Cúirte Dúiche agus Cuarda. Ghlac an oifig seo Oifig na bhFíneálacha agus baill foirne ó Chúirt Dúiche Cathrach Bhaile Átha Cliath cheana féin. Tá cúrsa dianoiliúna déanta cheana féin ag dhá ghrúpa bhainisteoirí sinsearacha i mbainistíocht athruithe agus tionscnaimh (féach 9). Tá athbhreithniú ar dhlíthíocht sibhialta agus teaghlaigh ar fad (ach amháin ceadúnú) ar bun. Tá sé mar aidhm ag an athbhreithniú próisis a chaighdeánú agus a athdhearadh chun éifeachtacht a fheabhsú agus tacú le huathoibriú. Beidh tionchar díreach aige ar dhearadh an Córas nua Bainistíochta um Chásanna Sibhialta." Níl anseo ach roinnt de na tionscadail atá ar bun.

**Cén mhaith dúinne é?**

"Cosúil le heagraíocht poiblí eile ar bith, tuairiscíonn an tSeirbhís Chúirteanna ar an dul chun cinn atá déanta gach cúpla mí. Ní íocfar na harduithe pá a luaitear in 'I dTreo 2016' ach amháin má dhéantar dul chun cinn agus má tá comhoibriú iomlán ó gach duine leis an gclár oibre nuachóirithe".

**Céard a tharlaíonn leis an dtuarascáil?**

"Déanann an Lár-Choiste Comhpháirtíochta, leis an bPríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin mar chathaoirleach air, iniúchadh air ar dtús", a mhíníonn Lauri. Má tá an Coiste sásta leis, cuireann an POF ar aghaidh chuig an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí é, ag cur in iúl dóibh má chreideann sé go bhfuil an chéad ardú pá eile don fhoireann tuillte."

"Déanann an Roinn réamhmheasúnú agus ansin cuireann siad an tuarascáil ar aghaidh chuig an Ard-Rúnaí don mheasúnú deireadh. Cuirtear an tuarascáil ar aghaidh ansin do Ghrúpa Deimhniúcháin Dul Chun Cinn na Státseirbhíse. Déanann an Grúpa seo measúnú ar an ndul chun cinn atá déanta agus déanann siad cinneadh ar cheart ardú pá ginearálta a dhéanamh de bharr an dul chun cinn atá déanta, i gcomparáid leis na ngealltanais a bhí ann."

> **"Cosúil le heagraíocht poiblí eile ar bith, tuairiscíonn an tSeirbhís Chúirteanna ar an dul chun cinn atá déanta gach cúpla mí."**

**Mar sin cén chaoi a bhfuil an tSeirbhís ag fáil ar aghaidh leis an nGrúpa go dtí seo?**

"Táimid ag déanamh an-mhaith go dtí seo", a deir Lauri. "Ceadaíodh na méaduithe suas go dtí seo á bhuíochas don iarracht mór atá déanta agus atá siad fós á dhéanamh ag an bhfoireann. Chuireamar isteach ár dtuairisc Plean Gnímh 'I dTreo 2016' go luath i Mí an Mhárta agus cuireadh an t-ardú pá i bhfeidhm ar an 1 Meitheamh 2007. Is ardú 2% sa phá a bhí i gceist (2 1/2% dóibh siúd atá ar ráta lánaimseartha níos lú ná €400 in aghaidh na seachtaine.) Íocfar dhá ardú pá eile ar an 1 Márta 2008 agus ar an 1 Meán Fómhair 2008 agus cuirfear tuairiscí breise isteach thart ar thrí mhí roimh gach ceann acu."

> **"Déanann an Roinn réamhmheasúnú agus ansin cuireann siad an tuarascáil ar aghaidh chuig an Ard-Rúnaí don mheasúnú deireadh."**

Agus ag breathnú ar an todhchaí?
"Tá gealltanais cuimsitheacha mionsonraithe déanta againn nuachóiriú agus athstruchtúrú a dhéanamh agus seirbhís den scoth a chur ar fáil", arsa Lauri mar chonclúid. "Tógfaidh sé go leor oibre crua uainn ar fad ach ón bhfianaise atá ann go dtí seo éireoidh linn".

# Cuir aithne ar an Nuálaí é féin

**Chuala sibh faoin Uasal Nuálaí? Anois cuirigí aithne ar an Uasal Nuálaí. Fuair John Coyle, Stiúrthóir Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide na Seirbhíse Cúirteanna dámhachtain fiúntais sa chatagóir 'Nuálaí na Bliana' ag na dámhachtainí 'Nuálaíocht trí Theicneolaíocht' le déanaí. Tugann an dámhachtain seo aitheantas do dhuine aonar san earnáil poiblí a bhí mar thacadóir in úsáid teicneolaíocht nuálaíoch san earnáil poiblí.**



An tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, Noel Dempsey, T.D. agus Cathal McGee, Stiúrthóir Bainistíochta Miondíola Eircom ag tabhairt dámhachtain fiúntais do John Coyle, Stiúrthóir TFC, sa chatagóir "Nuálaí na Bliana".

Ghlac John lena dhámhachtain ón Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, Noel Dempsey, T.D. ag an ócáid céanna agus a bhfuair Éilimh Bheaga ar Líne an duais is fearr sa chatagóir 'Rialtas don Saoránach Is Fearr'.

Mhol an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin, PJ Fitzpatrick rathúlacht John. "Tá lúcháir orm go bhfuil aitheantas agus an duais seo tugtha don pháirt mhór a bhí ag John Coyle i nuachóiriú na Seirbhís Cúirteanna, go háirithe le cur i bhfeidhm clár mór teicneolaíochta faisnéise thar na seacht mbliana seo a chuaigh thart. Is fear cúlánta é John agus tá sé tuillte go maith aige gur roghnaíodh mar 'Nuálaí na Bliana' TFC Seirbhís Poiblí Eircom de bharr an méid atá bainte amach aige ag athrú an tSeirbhís Chúirteanna ó eagraíocht a bhí páipéarbhunaithe don chuid is mó go dtí an áit atáimid anois, agus muid ag brath ar theicneolaíocht faisnéise don chuid is mó d'ár gcuid oibre laethúil", a dúirt sé.

Maidir le John, dúirt sé ar a ghnáthbhealach cúlánta féin "Bhí mé thar a bheith sásta an duais seo a fháil. Domsa is aitheantas é dóibh siúd ar fad a d'oibrigh sa Stiúrthóireacht TF thar na mblianta agus a thug an oiread sin don dul chun cinn atá déanta againn ó bhunú na Seirbhíse Cúirteanna i 1999".

# Tugann an breitheamh coiriúil is sinsearaí in Éirinn cuairt ar Choláiste Pobail an tSeanbhádhúin

**Thug an breitheamh coiriúil is fearr a bhfuil aithne air in Éirinn cuairt ar Choláiste Pobail an tSeanbhádhúin, i dTamhlacht. Bhí an Breitheamh Paul Carney, atá i gceannas ar an bPríomh-Chúirt Choiriúil, lánsásta labhairt leis na daltaí idirbhliana faoi fheidhm na gCúirteanna.**

Léirigh an Breitheamh Carney ról agus dlínse na gCúirteanna ar fad – Dúiche, Cuarda, Ard, an Chúirt Choiriúil Speisialta, an Chúirt Achomhairc agus An Chúirt Uachtarach. Mhínigh sé go soiléir don rang céard a dhéanann gach chúirt. Labhair sé faoin mbaint atá ag deoch agus ag drugaí chun daoine a thabhairt chuig an bpointe gur féidir leo 'titim as a chéile' agus críochnú suas le cúiseamh tromchúiseach d'éigniú nó dúnmharú – cásanna a chuirtear faoi thriail ina chúirt.

Bhí na daltaí idirbhliana ag leanúint nós fada de chuairteanna daltaí ón Seanbhádhún ar na gcúirteanna, nuair a shuigh siad isteach ar thriail le déanaí. Shocraigh an Breitheamh Carney cuairt a thabhairt ar an scoil nuair a d'fhreagair sé litir óna daltaí ag maíomh nach raibh aon bhaint acu leis an 'bpleidhcíocht' a bhí ar siúl ag grúpa beag daoine óga sa chúirt an lá a bhíodar ar chuairt ann.

Dúirt an breitheamh gurb é an fáth gur 'thug sé amach' dóibh an lá sin, agus an fáth a tháinig sé amach chun labhairt leo, ná mar gheall gurb é an tArd Chúirt an chúirt trialach is airde sa tír agus níos tábhachtaí fós mar gheall go raibh siad ag freastal ar thriail dúnmharaithe – an cion is tromchúisí. Dúirt sé leo go mbíonn finnéithe agus íospartaithe an-íogair in a leithéid de chás agus go gcaithfidh feidhmiú an seomra cúirte a bheith ciúin eagraithe. Mhínigh sé go raibh sé ina bhreitheamh ar feadh sé bhliain déag agus go raibh sé ag obair sa Phríomh-Chúirt Choiriúil níos mó ná dhá bhliain déag as an méid sin. Tagann gach cás dúnmharaithe nó éignithe sa tír roimhe le tabhairt chun trialach nó le sannadh do bhreithimh eile.

D'fhiafraigh na daltaí don bhreitheamh faoin méan-am a bhí le pianbhreith saoil agus an brí a bhí le díspeagadh cúirte. Ag míniú na n-athruithe ar fad maidir le feidhmiú na gcúirteanna chuimhnigh an breitheamh ar an seanchleachtadh de 'Airgead Giúiré', nuair a thug na buaiteoirí i gcás díobháil phearsanta – a bhí roimh giúiré ag an am – mála ina raibh dhá bhonn déag leath choróin don giúiré go traidisiúnta. Chuimhnigh sé freisin go raibh ar mhná caifirín a chaitheamh agus iad ag tabhairt fianaise, cleachtadh nár aontaigh sé leis.

Ag freagairt ceisteanna ó dhuine de na daltaí dúirt sé nach bhfuil sé deacair air pianbhreitheanna a ghearradh mar gheall go bhfágann sé gach rud a tharlaíonn sa chúirt taobh thiar dó ag 4.10 i.n. gach lá. "Táim in ann casadh as. Ní bheinn in ann an méid a dhéanaim a dhéanamh mura raibh", a dúirt sé.



An Breitheamh Paul Carney, breitheamh sinsearach sa Phríomh-Chúirt Choiriúil ina shuí i measc na daltaí idirbhliana i Scoil an tSeanbhádhúin le comhordnóir na hidirbhliana Susan McCabe.



An Breitheamh Paul Carney agus Susan McCabe chomh maith le beirt dhaltaí a chuir ceisteanna ar an mbreitheamh – Luke Fogarty agus Kevin Rushe.

Chuaigh daltaí ó Coláiste Pobail an tSeanbhádhúin ar chuairt ar na Ceithre Chúirt mar chuid den chlár Thurais Scoile atá á n-eagrú ag Oifig Faisnéise na Seirbhíse Cúirteanna.

Bíonn turais ann Dé Máirt, Dé Céadaoin agus Déardaoin le linn Téarmaí Dlí. Táimid in ann freastal ar 24 daltaí agus beirt mhúinteoirí do gach turas ar a mhéid. Tosaíonn na turais ag 10r.n. agus 1 i.n. ar na laethanta sin. Le turas a chur in áirithe is féidir dul i dteagmháil le Catriona Nangle ag 01-888 6457 nó ríomhphost: schooltours@courts.ie

# Smaointe Sláintiúla i nDún Droma

**Go traidisiúnta caitheadh le sláinte mheabhrach mar gaol bocht na seirbhíse ginearálta sláinte leighis in Éireann. Samhlaítear ainnise agus coinníollacha diana leis na coinníollacha fisiceacha agus na córais inar coinníodh agus inar tugadh cóir leighis d'othair san aimsir caite. Le tabhairt feidhm dlí don Acht Dlí Coiriúil (Sláinte Mheabhrach), 2006 agus le tabhairt isteach cosaint nua de fhreagracht laghdaithe thug Gerry cuairt ar an bPríomhospidéal Meabhair-Ghalair le feiceáil dó féin cé mar a thugtar cóir leighis dóibh siúd a bhfuil a bhfuil géarghalair mheabhrach orthu agus a dteastaíonn cúram slán uathu. Labhair sé leis an Dr. Harry Kennedy, Stiúrthóir an ospidéil:**



An Dr. Harry Kennedy, Stiúrthóir an Phríomhospidéil Meabhair-ghalair

Tógtar céim siar go ré eile, ré leathshamhlaithe b'fhéidir, agus tú ag dul trí gheataí Phríomh-Ospidéil Meabhair-Ghalair Dhún Droma. Tá an spás oscailte mór uirbeach seo taobh thiar de bhallaí, claíocha agus geataí arda. Tá foirgneamh ó lár an 19ú haois ann, agus an chuma air nach réitíonn sé le cóir leighis agus feabhsú meabhairghalair. Is áit thar a bheith síochánta é – beagnach cosúil leis an gcineál áite a mbeadh in úsáid do chúrsa spioradálta. Tugann comhghleacaithe ar fad an Dr. Harry Kennedy 'Harry' air agus thug na hothair ar fad a chas orainn 'Dochtúir' air. Is duine ciúin 'ar a chompord' é atá chomh cainteach agus atá tú ag iarraidh é a bheith – foirfe don agallóir.

**Mar sin céard é sláinte mheabhrach nó galar meabhrach?**

"Is neamhord intinne é galar meabhrach atá cosúil le galar ar bith eile sa mhéid is go bhfuil stair nádúrtha aige agus go ginearálta tá cur chuige ar eolas maidir le cóir leighis a chur air. Cosúil le galair eile, tá cúiseanna fisiceacha agus sóisialta araon aige. Mar shampla cuimhníonn gach duine gurb é tuberculosis bacillus ba chúis le heitinn. Bhí tionchar aige ar dhaoine a bhí ina gcónaí in áiteanna plódaithe nó bhí fáthanna eile gurb iadsan a fuair é. Tá cúis fhisiceach ag galar meabhrach ach tá sé níos dóchúla go mbeidh tionchar aige ar dhaoine atá leochaileach don ghalar ar fháthanna speisialta difriúla".

Ag míniú cé a thagann chuig an sainospidéal

**"Is neamhord intinne é galar meabhrach atá cosúil le galar ar bith eile sa mhéid is go bhfuil stair nádúrtha aige agus go ginearálta tá cur chuige ar eolas maidir le cóir leighis a chur air."**

seo deir sé, "is seirbhís do dhaoine le galar meabhrach trom leanúnach atá againn. Cuirimid seirbhís ar fáil dóibh siúd le galair cosúil le scitsifréine nó dúlagar dépholach, atá i measc na galair is milltí atá ann. Cruthaíonn siad níos mó míchumais – níos mó ainnise – agus is dócha níos mó báis roimh an am ná go leor galair eile a aithníonn daoine mar ghalair níos éasca, cosúil le hailsí".

An difríocht atá ann le meabhairghalar ná "cuireann galair mheabhrach faoi mhíchumas trom daoine, ach tá siad difriúil ó ghalair eile sa mhéid is go gcuireann siad bac ar chumas duine oibriú ar a leas féin, agus uaireanta cuireann siad bac ar an gcumas intinne roghanna a dhéanamh".

Cuireann sé an creat dlíthiúil ina n-oibríonn an ospidéal i gcomhthéacs ag rá "teastaíonn cosaint agus cearta ar leith ó dhaoine a bhfuil galair troma leanúnach meabhrach orthu. Mar gheall ar seo achtaíodh dhá acht maidir le sláinte mheabhrach in Éirinn le blianta beaga anuas: an tAcht um Shláinte Mheabhrach, 2001 – gur féidir linn glacadh leis mar an t-acht sláinte mheabhrach shibhialta – agus an tAcht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006. I ndlínsí eile tá acht sláinte mheabhrach sibhialta agus coiriúil amháin ann. Is mór an trua go bhfuil dhá acht difriúil in Éirinn, a bhfuil sainmhínithe difriúla iontu maidir le rudaí áirithe, mar gheall gur féidir leis a bheith níos deacra an stiogma a bhaint uathu siúd atá faoi choinneáil an Achta um an Dlí Coiriúil (Gealtacht)".

Nuair a chuirtear ceist air faoi leigheas iomlán deir sé "Is beag réimse sa liacht nua-aimseartha ina bhfuil leigheas iomlán mar sprioc againn. Mar shampla tá leigheas iomlán againn ar ghéarniúmóine nó ar ghéaraipindicíteas ach níl leigheas againn ar diabetes mellitus, ná air scléaróis iolrach nó galar Parkinson, ach cabhraímid le daoine biseach a fháil. Le galair troma leanúnach meabhrach sin í an samhail atáimid ag leanúint. Is próiseas gníomhach é bisiú. Caithfidh tú coinneáil ort ag obair le fanacht sláintiúil. Coinnigh ort ag obair ar do shláinte féin le fanacht go maith".

**Cé hiad na hOthair?**

"Faoi láthair tá thart ar aon cheathrú de na daoine anseo á choinneáil faoin Acht um

**"Níl leigheas iomlán againn ar scléaróis iolrach nó galar Parkinson, ach cabhraímid le daoine biseach a fháil"**



Shláinte Mheabhrach, 2001 CiallaíonnIs sé sin gur aistríodh iad anseo ó sheirbhísí sláinte mheabhrach timpeall na tíre mar gheall go raibh cóir leighis speisialta uathu nach raibh le fáil ach amháin anseo, nó i gcásanna áirithe tá siad tar éis pianbhreith fada a chríochnú agus teastaíonn cóir leighis breise uatha nach bhfuil a seirbhís sláinte mheabhrach áitiúil in ann a chur ar fáil".

**An bhfuil aon deacracht ann othair shibhialta agus othair choiriúil a bheith le chéile?**

"Níl, ar chor ar bith. Tá siad faoi choinneáil ag dhá dlí difriúla ach tá an chosaint agus caighdeán an chúraim mar a chéile dóibh araon. Go deimhin is rud cabhrach é – mura raibh othair shibhialta anseo bheadh an contúirt ann go rachadh cultúr príosúin i bhfeidhm agus sin an rud is measa a d'fhéadfadh tarlú in ospidéal. Bíonn sé go láidir ag taispeáint gur "ospidéal é seo seachas príosún agus ní raibh sé ariamh mar chuid de chóras na bpríosún. Is ospidéal a bhí ann ó 1850. Agus bíonn an caighdeán céanna maidir le cóir leighis, cúram agus cosaint cearta i bhfeidhm

**"Mura raibh othair shibhialta anseo bheadh an contúirt ann go rachadh cultúr príosúin i bhfeidhm"**

anseo agus atá i bhfeidhm i seirbhís sláinte mheabhrach ar bith timpeall na tíre".

**Sláinte Mheabhrach... Príosúin... Córas Cheartais Choiriúil**

Mar mhíniú ar dhaonra an ospidéil atá lán i gcónaí cuireann sé torthaí ar shuirbhé cuimsitheach ar ghalracht shíciatrach daonra na bpríosún Éireannach ar fáil.





"Fuaireamar amach go bhfuil síocóis ar 3.8% de dhaoine cimithe chun príosúin. Tá síocóis ar 7.6% de fir ar choimeád agus tá síocóis ar beagán thar 3% de fir ar gearradh pianbhreith orthu. Ba chóir do dhuine a bhfuil síocóis ghníomhach air a bheith san ospidéal, seachas sa phríosún. Ba chóir dóibh a bheith in ospidéal áitiúil nó in ospidéal slán mar seo. Tá thart ar 340 daoine in aghaidh na bliana cimithe chun príosúin a bhfuil síocóis orthu, go leor acu atá cúisithe as mionchionta agus ar cheart go dtabharfaí aire dóibh ina seirbhís áitiúil. Má bhreathnaíonn tú ar chomparáidí idirnáisiúnta tá síocóis ar thart ar 3.5% de fir ar choimeád. Tá an figiúr Éireannach de 7.6% dhá uaire an figiúr idirnáisiúnta. Tá sé soiléir go bhfuil fadhb againn in Éirinn".

Nuair a iarradh a smaointe ar na fáthanna a bhí le seo dúirt sé, "Is rud maith a bhí ann do formhór na n-othar é an t-athrú go chúram sa phobal. Ach in áiteanna nach bhfuil ann ach cúram sa phobal, áiteanna nach bhfuil áiseanna cuí ospidéil ann, is é an toradh atá ar seo ná go gcuirtear príosúnacht mhíchuí ar othair áirithe – go soiléir fir óga a bhfuil géarshíocóis orthu".

**Dá mbeadh na seirbhísí ann an mbeadh na leaids seo ag briseadh an dlí?**

go bhfuil fearg nó frustrachas ar na gardaí nach bhfuil an dara rogha acu ach duine a chúisiú agus go gcríochnaíonn siad suas i bpríosún athchuir nach bhfuil deartha le haghaidh sin i ndáiríre. Tá urlár D2 i bpríosún Chnoc na Seimre ar cheann de na haonaid géarshíciatrach is gnóthaí i mBaile Átha Cliath. In éifeacht úsáidtear príosúin sa réimse síciatrach ar an gcaoi céanna a úsáidtear tralaithe in Aonad Timpistí agus Éigeandála".

**"úsáidtear príosúin sa réimse síciatrach ar an gcaoi céanna a úsáidtear tralaithe in Aonad Timpistí agus Éigeandála"**

**Gnáthaimh ospidéil fhorchéimnitheacha**

"Bheadh an gnáthamh laethúil anseo cosúil le hospidéal síciatrach ar bith – go deimhin tá nuachóiriú tapaigh ar siúl. Sna géaraonaid bheadh teiripí ag daoine a tháinig isteach le déanaí le hachar airde gearr sa bharda atá oiriúnach dá riachtanais agus dá ábaltacht ar an lá. Mar shampla b'fhéidir go ndéanfaidís go leor ealaíne. Tosóidh daoine atá anseo beagáinín níos faide agus a bhfuil feabhas tagtha ar a staid mheabhrach le réim cógas ar theiripí síceolaíochta i gcomhair léargas, cosc ar athiompú, agus fadhbanna le hiompar ar leith cosúil le fearg, iompar gnéasach agus mar sin. Sna haonaid athshlánúcháin nó réamh-urscaoileadh bheadh an bhéim ar theiripí saothair i rith an lae – ag foghlaim cén chaoi le haire a thabhairt duit féin, ag foghlaim buiséad a láimhseáil, ag foghlaim do réim cógas a bhainistiú, ag foghlaim cén chaoi le fanacht sláintiúil.

Tá fáil ar réimse rudaí ag na hothair. Tá scoil dár gcuid féin againn ar an suíomh. Tá cineálacha difriúla teiripe saothair againn mar shampla siopa deileadóireachta sofaisticiúil d'othair a bhfuil cumas acu don chineál sin oibre. Is obair sách cruthaíoch é i ndáiríre."

**Céard faoin gcáineadh nach gcruthaíonn uainchlár ospidéil meabhairghalair áit theiripeach, mar shampla ní dhúisíonn an duine thú a chur i do chodladh thú, níl leanúnachas ann – agus go bhfuil sé seo mar bhac ar fhorbairt caidrimh agus ar fáil níos fearr. An cáineadh bailí**

**é seo?**

"Is ea agus inseoidh mé duit an méid atá déanta againn faoi anseo. Thugamar isteach córas altranais príomhúil sa chaoi go bhfuil altra príomhúil agus comhoibrí ag gach othar . Mar sin tá altra amháin ar seal oibre i gcónaí a bhfuil caidreamh teiripeach aige leis an othar sin. Ciallaíonn sé sin go mbíonn baint ag an altra príomhúil le dréachtadh plean cúraim don othar. Oibrímid ar bhealach ildánach, mar sin faoi láthair tá cúig fhoireann ildánach faoi stiúir lia comhairleach – i ngach ceann tá lia comhairleach, dochtúir ospidéil nach lia comhairleach é/í, síceolaí cliniciúil, oibrí sóisialta, teiripeoir saothair agus altra síciatrach pobail. Cinntíonn siad go mbíonn rud ar a dtugaimid 'spriocanna indéanta' ag an othar – rud a bhfuil a fhios acu go bhfuil siad ag oibriú ina dtreo, leis an aidhm iad féin a bhisiú. Labhraímid faoi sraithiú a dhéanamh de réir riachtanais. Tá an béim ar indibhidiúlú an chúraim".

"Tá infheistíocht mhór déanta ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte san ospidéal. Nuair a tháinig mé anseo sa bhliain 2000 bhí beirt lia comhairleach ann, oibrí sóisialta amháin, síceolaí amháin, ní raibh teiripe saothair ar bith (roinnt gairmeacha nó teiripe thionsclaíoch) agus ní raibh córas altranais príomhúil ann".

**Samhlaítear go mbíonn ospidéil meabhairghalair ag úsáid seomraí cosanta agus cúlráideacht – imprisean atá thar a bheith go dona. Ar laghdaigh sé sin anseo agus níos tábhachtaí an ndéantar scrúdú ina dhiaidh faoi "cén fáth a raibh orainn é sin a dhéanamh?"**

"Tá cúlráideacht rialaithe ar bhealach an-cheart anois. Cuimhnigh gur ionad ceadaithe é seo agus go bhfuil na hothair atá anseo faoin Acht um Cheartas Coiriúil fós faoi chosaint ag forálacha an Achta um Shláinte Mheabhrach. Freisin tá rialacháin an Choimisiúin um Shláinte Mheabhrach maidir le húsáid cúlráideacht agus srianadh i bhfeidhm anseo mar atá siad i bhfeidhm in áit ar bith eile.

Tá an úsáid a bhaintear as cúlráideacht laghdaithe go mór trí fhoireann níos mó a bheith ar dualgas i rith an lae, sa chaoi gur féidir othair a bhainistiú go sábháilte gan iad a chur ar an gcúlráid. Freisin tá aonad speisialta bainistiú iompair le fócas síceolaíoch dóibh siúd a mbíonn iompar leanúnach dúshlánach ar siúl acu.

Mar sin déantar bainistiú orthu siúd a bhíodh ag caitheamh tréimhsí fada ar an gcúlráid mar gheall go ndearna siad ionsaithe arís agus arís eile, gan a bheith ag brath ar chúlráideacht, mar gheall ar chomhréir ard 'foireann le hothair' agus



Tailte an Phríomhospidéil Meabhair-ghalair

béim ar bhainistiú síceolaíoch.

Tá sé mar aidhm againn cúlráideacht a laghdú níos mó, ach is é an chéad bhealach eile chun é seo a dhéanamh ná aonaid ardgrinnithe a thógáil sna géaraonaid, agus faoi láthair cuireann an foirgneamh cosc orainn é sin a dhéanamh.

**An cás do Phríomhospidéal Meabhair-ghalair nua**

"Dar linne teastaíonn 200 leaba slán uainn. Faoi láthair tá 83 againn. Tá sé seo ag méadú. Tá plean ag an Rialtas ospidéal slán 120 leaba a thógáil a rachaidh píosa fada chun an scéal a réiteach. Má fhorbraíonn seirbhísí áitiúla réimse agus éagsúlacht seirbhísí ceart, b'fhéidir gur leor é 120.

Teastaíonn áiseanna substaintiúla pobail freisin chun iarchúraim a chur ar fáil, rud atáimid ag forbairt freisin faoi láthair. Ach seo iad na céimeanna luatha. Tá clinic othar seachtrach againn ar Ché Uiséir. Sé an rud a theastaíonn go géar ná brúnna ardtacaíochta sláinte mheabhrach chun iarchúraim a thabhairt dóibh siúd nach dteastaíonn uathu a bheith san ospidéal níos mó".

**Ach céard faoin moladh ospidéal nua a chuir i dtailte príosúin?**

"Tá sé ríshoiléir go dteastaíonn ospidéal nua. Tá cáineadh déanta ar an bhfoirgneamh ag Coiste um Chosc ar Chéasadh ó Chomhairle na hEorpa faoi dhó. Tógadh in 1850 é agus rud suimiúil ná go raibh sé as dáta cheana féin in 1850. Tógadh mar thriail do Bhroadmoor é agus nuair a tógadh Broadmoor cúpla

bliain níos déanaí tógadh le plean iomlán difriúil é. Thriail na Sasanaigh amach an dearadh seo in Éirinn agus fuair siad réidh leis, mar gheall gur dearadh chomh dona a bhí ann – in 1850 fiú. Teastaíonn ospidéal saintógtha nua–aimseartha go géar uainn. Bhí díospóireacht fada againn arbh fhéidir leis a bheith ar an suíomh seo nó ar shuíomh eile. Bhíomar soiléir ar an bpointe nár chóir dó a bheith ar shuíomh príosúin".

"Sé an fáth bhunúsach gan ospidéal a chomhlonnú in aice le príosún ná an stiogma . Is ospidéal é seo seachas príosún. Is ospidéal slán é. Lonnaítear ospidéil slána le hospidéil eile seachas le príosúin timpeall an domhan.

Caithfidh tú aird daonnachtúil a bheith agat ar na hothair agus ar a dteaghlaigh. Fuarthas neamhchiontach de bharr gealtachta formhór na n–othar anseo. Níor ciontaíodh i gcoir iad. Ní coirpigh iad. Tá sé thar a bheith tábhachtach dá gcuid dínite go ndéantar idirdhealú soiléir idir ospidéal agus príosún".

**An mbeidh níos mó daoine ag teacht chuig an ospidéal de bharr an achta nua agus freagracht laghdaithe?**

"Tuigim ó shuirbhé na bpríosún go bhfuil



go leor daoine ar phianbhreith saoil nó le pianbhreitheanna fada sa phríosún a bhfuil géarghalair meabhracha orthu, agus ar dócha gur chóir go bhfaighfí 'neamhchiontach de bharr gealtachta' iad. Ach mar gheall go raibh an seanreachtaíocht chomh míshásúil creidim gur roghnaigh siad pléadáil ciontach san áit a d'fhéadfaidís pléadáil neamhchiontach de bharr gealtachta.

Táim ag súil leis go mbeidh i bhfad níos mó daoine ag úsáid an chosaint sin amach anseo agus go bhfaighfear níos mó daoine neamhchiontach de bharr gealtachta. Dá bharr beidh an grúpa áirithe sin atá ag caitheamh pianbhreitheanna fada le géarghalar meabhrach níos lú.

**Ar chóir nó an bhfuil tréimhse seasta go gcaithfidh siad a bheith anseo nuair a fhaightear neamhchiontach de bharr gealtachta iad?**

**"Táim ag súil leis go mbeidh i bhfad níos mó daoine ag úsáid an chosaint sin amach anseo agus go bhfaighfear níos mó daoine neamhchiontach de bharr gealtachta"**

"Níl aon táille ann, ba chóir go rialódh a riachtanais chúraim agus slándáil teiripeach an bealach a thógann siad trí chúram. I bhfocail eile ba chóir a riachtanais a choinneáil slán agus a bhainistiú ar bhealach slán".

**An gceapann tú go bhfuil brú ón tsochaí nó ó áit ar bith eile duine a choinneáil istigh?**

"B'fhéidir gurb shin fáth amháin go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh próiseas dlíthiúil ann, mar gheall go gcaithfear idirghabháil a dhéanamh ar an gcineál sin brú ón tsochaí le próiseas breithiúnach agus sin an chaoi ar chóir go ndéanfaí é. Tuigimid riachtanais an Achta, sé sin go dtugtar cóir leighis ar dhaoine ar son a leasa féin agus ar son sábháilteacht daoine eile. Tá cur amach againn ar Chúirt na hEorpa um Chearta an Duine agus na coinbhinsiúin bainteacha maidir le príosúnaigh agus cearta daoine le galar meabhrach.

Tá sé ceart agus cóir freisin go bhfuil an cinneadh deiridh maidir le urscaoileadh deiridh dóibh siúd atá neamhchiontach de bharr gealtachta déanta ag an mBord Athbhreithnithe Sláinte Mheabhrach (Dlí Coiriúil) – le breitheamh ina chathaoirleach air. Is painéal de thriúr le Breitheamh na Cúirte Uachtarach atá anois ar scor Brian McCracken mar chathaoirleach air, síciatraí comhairleach agus ball tuata. Níor thosaigh an Acht ach i mí an Mheithimh 2006.

Déanann an Bord athbhreithniú ar gach duine atá á choinneáil gach sé mhí agus tá an cumhacht aige gan athrú a dhéanamh, urscaoileadh coinníollach a ordú nó urscaoileadh iomlán".

Is nóta dearfach atá mar chonclúid aige "roimhe seo, bhí mé i gceannas ar sheirbhís sláinte mheabhrach mhór i Londain, rud a thaitin go mór liom. Bhí sé sách deacair é a fhágáil sa bhliain 2000 chun teacht abhaile. Ach tá ádh mhór orm leis na comhghleacaithe atá agam anseo. Tá na daoine atá ag obair sna seirbhísí sláinte mheabhrach in Éirinn thar a bheith tiomanta, forásach agus oibríonn siad go crua

Sé an rud atá suimiúil faoi bheith ag obair mar shíciatraí fóiréinseach ná go bhfuil an deis ann a bheith mar chineál ateangaire idir síciatracht agus an dlí. Bíonn dátheangachas agat. Tá amanna ann ina bhfuil tú ag iarraidh an dá mheoin a thabhairt le chéile atá uaireanta difriúil. Ní amháin go mbíonn tú dátheangach ach bíonn do phearsantacht scoilte freisin".

## An Bord Athbhreithnithe Sláinte Mheabhrach (Dlí Coiriúil)



An Breitheamh Brian McCracken, Cathaoirleach an Bhoird Athbhreithnithe Sláinte Mheabhrach (Dlí Coiriúil).

Tá an cinneadh deiridh maidir le urscaoileadh deiridh dóibh siúd atá neamhchiontach de bharr gealtachta déanta ag an mBord Athbhreithnithe Sláinte Mheabhrach (Dlí Coiriúil) – le breitheamh ina chathaoirleach air. Is painéal de thriúr le Breitheamh na Cúirte Uachtarach atá anois ar scor Brian McCracken mar chathaoirleach air, síciatraí comhairleach agus ball tuata. Níor thosaigh an Acht ach i mí an Mheithimh 2006.

# Teach cúirte nua i mBré

**Bhi an Príomh-Bhreitheamh an Breitheamh John L. Murray i gceannas inniu ar oscailt an tí cúirte nua i mBré. D'fhreastail an tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, An tUas. Dick Roche T.D., agus bhí Uachtarán na Cúirte Dúiche, an Breitheamh Miriam Malone sa pháirtí oifigiúil freisin.**



An Príomh-Bhreitheamh an Breitheamh John L. Murray agus an tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, An tUas. Dick Roche T.D. ag gearradh an ribín ag Oscailt Oifigiúil Tí Cúirte Bré.

Dúirt an Príomh-Bhreitheamh Murray gur "áis nuálaíoch atá freastal ar na riachtanais ar fad atá sa spás nua-aimseartha seo - a chuireann dáiríreacht oibre na gcúirteanna in iúl, agus a mheascann feidhm le mealltacht. Tugann sé buntáistí tí cúirte an 21ú haois do Bhré leis an slándáil a theastaíonn, rochtain uilíoch, teicneolaíocht faisnéise agus cóiríocht do na úsáideoirí cúirte ar fad".

Bhí go leor daoine áitiúla mór le rá i láthair agus ba hí Cathaoirleach Chomhairle an Bhaile, an comhairleoir Anne Egan a labhair faoin ról lárnach a bhí ag an áis nua maidir le seirbhísí poiblí a chuir ar fáil don bhaile.
Chuimhnigh an tAire Roche gur vótáil sé in aghaidh ollmhargadh a chuir isteach ar an láthair seo roinnt blianta ó shin agus gur chruthaigh sé go raibh an ceart aige agus an teach cúirte nua le feiceáil i lár nua Bré. Mhol sé an tSeirbhís Chúirteanna as éifeachtach a clár tógála caipitil agus nuachóiriú le seacht mbliana anuas agus dúirt sé gur sampla rathúil de sheirbhís poiblí atá ag athrú a bhí ann.

Tá soláthar na cúirte nua i mBré mar chuid de straitéis tógála seacht mbliana na Seirbhíse Cúirteanna, atá tar éis 48 Teach Cúirte nua nó athchóirithe go hiomlán a fheiceáil tríd an stáit, agus uasghrádú agus/nó mórobair chothabhála comhlánaithe i 100 eile.

Nuair atá soláthar áiseanna nua cúirte cosúil leis an gceann seo á phleanáil, tógann an tSeirbhís Chúirteanna an daonra i mórcheantar Bhaile Átha Cliath atá ag méadú go mór agus an Straitéis Náisiúnta Spásúlachta san áireamh: leis an sprioc gur chóir saoráidí cúirte nua nó leathnaithe go mór a sholáthar i mórionaid fobhailteacha agus bailte satailíte gar do Bhaile Átha Cliath. Tagann an saoráid nua seo i mBré leis an gcuspóir sin.



Gerry Curran (Comhairleoir Caidrimh leis na Meáin) ag cur baill na cléire i láthair roimh oscailt an Tí Cúirte.

## Foireann na Cúirte Dúiche i mBré



Líne chúil ó chlé: Rosemary Lambe, John Green, An Breitheamh Miriam Malone Uachtarán na Cúirte Dúich, an Príomh-Bhreitheamh an Breitheamh John L. Murray, Man tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, an tUas. Dick Roche T.D., Michael Considine, Alan Donnellan agus Margaret Lester.
Líne thosaigh ó chlé: Elizabeth Pluck, Maria Vines, Bernadette Healy, Elish Kavanagh agus Deirdre Cullen.

## Áiseanna i mBré

Taobh istigh den teach cúirte nua tá:

- trí sheomra cúirte le seomraí na mbreitheamh béal dorais
- seomra giúiré
- seomra na gcleachtóirí dlí
- seomraí comhairliúcháin
- oifigí d'fhoireann na Cúirte Dúiche
- seomra tacaíochta d'íospartaigh
- seomra na meán
- cillíní coinneála do phríosúnaigh le rochtain dhíreach chuig an dá phríomhsheomra cúirte.
- tá an foirgneamh feistithe leis na míreanna teicneolaíochta faisnéise is déanaí.

## Teach Cúirte Bré in áit lárnach - Ionad Chualainn

Cuimsíonn an teach cúirte nua cuid d'Ionad Chualainn a forbraíodh le déanaí. Tá oifigí nua cuimsithe san ionad do Chomhairle Baile Bhré, ceanncheathrú nua d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, bialanna, Ionad Ealaíona an Mhaighdean Mhara agus oifigí na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh do Bhré agus Cill Mhantáin. Bainfidh breis forbartha le haonaid chónaithe a thógáil agus óstán le 31 seomra codlata agus athchóiriú a dhéanamh ar Theach Naomh Crónáin atá ann cheana féin.

# Tús le tionscadal Tí Cúirte Bhaile Bhlainséir

**Le tógáil an fhoirgnimh anois críochnaithe, táthar réidh chun tosnú ar fheistiú áiseanna na cúirte. Beidh an teach cúirte ag freastal ar chásanna Cúirte Dúiche ó cheantar Iarthar Bhaile Átha Cliath, cásanna Cúirte Cuarda agus trialacha. Beidh oifigí cúirte lánaimseartha bunaithe sa shuíomh nua lár an bhaile. Déileáilfear le ceisteanna na nÉileamh Bheaga agus Dlí Teaghlaigh go háitiúil freisin. Tosóidh suíonna cúirte i dTeach Cúirte Bhaile Bhlainséir i 2008.**




Agus an forbróir An tUas. Bernard McNamara ag tabhairt na heochracha do Theach Cúirte nua Bhaile Bhlainséir do Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin na Seirbhíse Cúirteanna P.J. Fitzpatrick, tugann an Aire Leanaí, An tUas. Brian Lenihan, T.D. (ceaptha le gairid mar Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí) agus Breitheamh na Cúirte Dúiche Catherine Murphy lámh cúnta.



Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin na Seirbhíse Cúirteanna P.J. Fitzpatrick, Breitheamh na Cúirte Dúiche Catherine Murphy agus Shay Kirk (Aonad na nEastát agus na bhFoirgneamh).



Shay Kirk (Aonad na nEastát agus na bhFoirgneamh) ag léiriú pleananna an Tí Cúirte don Aire Leanaí, An tUas. Brian Lenihan, T.D. (ceaptha le gairid mar Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí) agus Breitheamh na Cúirte Dúiche Catherine Murphy.

# Gach rud go maith i mBéal an Mhuirthead

**Mhol an Breitheamh Mary Devins na háiseanna nua i mBéal an Mhuirthead nuair a shuigh an Chúirt Dúiche ann don chéad uair le déanaí. Tá an teach cúirte saintógtha nua mar chuid de ionad cathartha nua ar caitheadh na milliúin euro air ina mbeidh an tSeirbhís Chúirteanna, Udarás na Gaeltachta, Comhairle Contae Mhaigh Eo agus ionad ealaíon.**

**"Tá an timpeallacht nua go hiontach agus iad tuillte go maith ag muintir Iorrais", a dúirt an Breitheamh Devins. Rinne an Cumann Barra áitiúil, Gardaí áitiúla agus foireann na cúirte macalla ar a ráiteas. "Is foirgneamh den scoth atá anseo", a dúirt an t-aturnae Patrick Durcan. "Tá an tSeirbhís Chúirteanna agus Comhairle Contae Mhaigh Eo le moladh as na háiseanna iontacha seo a chuir ar fáil".**

# CRIMINAL COURTS COMPLEX
# COURTS SERVICE



## Ceartas cruinn

Tá obair tosaithe ar Ollionad na gCúirteanna Coiriúla tiomnaithe do Bhaile Átha Cliath. Cuirfidh Comhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí an ollionad ar fáil le comheagras faoi cheannas Babcock and Brown. Beidh caidreamh ar feadh 28 bliain ag an tSeirbhís Chúirteanna leis an gcomheagras seo mar gur b'iad atá i bhfeighil dearadh, seachadadh agus bainistíocht leanúnach an Choimpléasc. Beidh costais tógála de €120 milliún ann. Thosaigh obair ar an suíomh agus ar an ollionad le déanfaidh agus tógfaidh sé 34 mhí le cur i gcrích, leis an bplean gnó a bhogadh isteach san ollionad sa chéad ráithe de 2010.

Sa forlíonadh speisialta seo beimid ag féachaint ar na gnéithe ríthábhachtacha den thionscadal, an dearadh agus tógáil atá air agus tá tuairisc againn ar sheoladh agus cur i láthair an thionscadail.

## Ag tabhairt na heochracha do shuíomh an ollionaid



Ó chlé: John Baker (Babcock & Brown), Peter McGovern (Ailtire, HJ Lyons Architects), Sam Lyons (HJ Lyons Architects), John Curtain (PJ Hegarty), Kevin O'Brien (PJ Hegarty), PJ Fitzpatrick (POF, an tSeirbhís Chúirteanna), Brendan Ryan (Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha, an tSeirbhís Chúirteanna), John Mahon (Bainisteoir Tionscadail, an tSeirbhís Chúirteanna), Cillian Smith (Aonad na nEastát agus na bhFoirgneam, an tSeirbhís Chúirteanna)

# Ár dteach cúirte "uair sa chéad"

## Stair agus Nua-Aimsearthacht mar chúlra ar an seoladh

Beidh "athrú mór in ais ghníomhaíochta i réigiún dlíthiúil na príomh cathrach". Sin a chuala an lucht éisteachta ag searmanas a bhí ar bun sna Ceithre Chúirt, agus iad ag éisteacht leis an bPríomh-Bhreitheamh an Breitheamh John L. Murray, ag seoladh oifigiúil an thionscnaimh Ollionad na gCúirteanna Coiriúla €120 milliúin, 25,000 méadar cearnach i mBaile Átha Cliath.



An Príomh-Bhreitheamh an Breitheamh John L. Murray

Dúirt sé go mbeidh an Ollionad nua seo ar an fhoirgnimh Stáit is mó agus is tábhachtaí ó thaobh na staire de a tógadh ó 1922 i leith. "Is dearadh agus coincheap uathúil atá ann ag cur áiseanna ar fáil atá chomh maith agus a d'fheicfeá in ollionad cúirte ar bith sa chéad domhain. Tá sé leagtha amach go huathúil le freastal ar riachtanais agus eagrú iad siúd ar fad a bhfuil baint acu le próiseas na trialach coiriúil cosúil le finnéithe, giúróirí, íospartaigh nó cosantóirí. Beidh áiseanna den scoth ann agus seirbhísí tacaíochta atá riachtanach do bhreithiúna bainistiú cásanna feabhsaithe agus liostáil trialacha níos éifeachtaí a thabhairt isteach faoi dhíon amháin".

Mar Chathaoirleach ar Bhord na Seirbhíse Cúirteanna ghabh an Príomh-Bhreitheamh buíochas leis an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí as ucht a chuid cabhrach leis an dtionscadal - agus thug sé isteach cur i láthair ailtireachta ag léiriú scóip, dearadh agus sonraí an ollionaid.

Ina measc siúd a bhí i láthair ag an ócáid bhí go leor baill den ghiúistís, ionadaithe don fhoireann deartha, airgeadaithe, tógálaithe agus foirne dlí a chuir an tairiscint rathúil le chéile. Rinne an grúpa mór a bhí ann óna meáin náisiúnta tuairisciú forleathan ar an dtionscnamh sna meáin náisiúnta.

Dúirt an Tánaiste agus an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Michael McDowell, T.D., "beidh tionchar mór ag forbairt an ollionaid nua seo ar an gcórais cheartais choiriúil maidir le oibriú trialach níos éifeachtúla ó thaobh loighistice de. Freisin le lárnú gnó coiriúil ar fad san ollionad nua seo 'saorófar' foirgneamh stairiúil na Ceithre Chúirt seo do ghnó sibhialta agus beidh tionscadal nuachóirithe agus athfhorbartha dá chuid féin aige".

Lean sé ar aghaidh le moladh ar iarrachtaí agus torthaí na Seirbhíse Cúirteanna.



Ó chlé: Mary Feerick (Cláraitheoir na Príomh-Chúirte Coiriúla), Bernadette Smith (Iar-chláraitheoir na Príomh-Chúirte Coiriúla), Sean Clerkin (Cláraitheoir na Príomh-Chúirte Coiriúla).

Dúirt sé "Níl sé rófhada ó shin gur drochthaithí amach is amach a bhí ag úsáideoirí go leor d'ár gcuid tithe cúirte. In achar sách gairid ama, tá an tSeirbhís tar éis blianta fada faillí timpeall na tíre a chur ina cheart".

Bhí na piléir sa Halla Cruinn mar fráma stairiúil ar an gcur i láthair ar scáileán plasma nua-aimseartha den ollionad mór nua den 21ú haois. Rinneadh cur i láthair closamhairc de dhearadh agus suíomh an ollionaid iontach nua le dul in éindí le hóráid an dearthóra Peter Mc Govern, ó Henry J Lyons Architects a rinneadh dearadh an foirgneamh tar éis comórtas idirnáisiúnta. Labhair sé faoin dtasc ollmhór imeaglach foirgneamh a dhearadh faoi scáth James Gandon agus na Ceithre Chúirt. Dúirt Hugh Bradley ó Babcock and Brown go raibh siad thar a bheith bródúil gur bronnadh an conradh seo orthu agus mhol sé an fhoireann óg áitiúil dearaidh a chruthaigh réiteach uathúil le dul i ngleic le riachtanais na gcúirteanna coiriúla an 21ú haois.




Peter McGovern (Ailtire, HJ Lyons Architects) agus Hugh Bradley (Forbróir, Babcock & Brown), an Tánaiste agus an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí an tUas. Michael McDowell T.D., an Príomh-Bhreitheamh an Breitheamh John L. Murray,



An Tánaiste agus an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Michael McDowell T.D., Príomh-Bhreitheamh an Breitheamh John L. Murray, Peter McGovern (Ailtire, HJ Lyons Architects) agus Hugh Bradley (Forbróir, Babcock & Brown) ag breathnú ar mhionsamhail an ollionaid.



# Gné-alt Foirgneamh mór uathúil ag teastáil i suíomh lárnach

Le roinnt blianta anuas tugadh faoi deara go raibh gá mór le hOllionad Cúirteanna Coiriúla do Bhaile Átha Cliath amháin. Bíonn na cúirteanna choiriúla thart ar lár na cathrach agus na Ceithre Chúirt ag streachailt leis an líon mór gnó atá ag teacht chucu. Cuirfidh an tionscnaimh seo áis lárnach ar fáil a fhreastalóidh ar an ngnó ar fad a bhaineann leis an gcúirt choiriúil i mBaile Átha Cliath. Déileáiltear le beagnach 200,000 ceisteanna coiriúla i mBaile Átha Cliath gach bliain. Tabharfaidh sé na háiseanna nua-aimseartha den chéad scoth atá curtha ar fáil i mbailte Contae ar fud na hÉireann chuig an bpríomhchathair. Tá sé á fhorbairt ar an dtaobh thiar de réigiún dlíthiúil na cathrach, gar do na foirgnimh chúirteanna atá ann cheana féin, an Luas, agus stáisiún traenach Heuston. Cuirfear an Chúirt Achomhairc Choiriúil, an Chúirt Choiriúil Speisialta, an Phríomh-Chúirt Choiriúil, an Chúirt Choiriúil Chuarda, na Cúirteanna Dúiche agus saoráidí lena mbaineann san ollionad.

Tá an suíomh ar choirnéal Sráid Gheata na Páirce agus Bóthar na hOtharlainne, geata tábhachtach chuig ceantar gnó agus sibhialta a cathrach. Beidh an Ollionad mar chomhartha poncaíochta a cheanglóidh Páirc an Fhionnuisce leis an tírdhreach uirbeach. Leanfaidh an tógáil nua ar Shráid Gheata na Páirce, atá ar chéibheanna na cathrach, an traidisiún a bhí ann foirgnimh móra poiblí a thógáil cois na Life nó a bheith feiceálach óna céibheanna. Cinnteoidh an chaidreamh seo le hAbhann na Life, mar fhéith lárnach na cathrach agus mar phointe iontrála ag lár na cathrach, go mbeidh ról lárnach ag an Choimpléasc nua sa chathair agus go mbeidh sé ina shéadchomhartha nua.

## Buaicphointí deartha

Tá an dearadh nua i bhformáid íocónach a bhéas ina shiombail nua-aimseartha ar ár gcóras cúirte - mar atá na Ceithre Chúirt ina shiombail d'ár dtraidisiún iontach. Beidh a fheidhmíocht an-tairbheach i soláthar éifeachtach sheirbhíse cúirteanna tríd an dearadh nua.

Tá an plaza poiblí ag ionad iontrála an Ollionaid mar chomhartha cé chomh insroichte agus atá na cúirteanna - agus thú laistigh is é an halla mór croí an ollionaid agus soláthróidh sé bealach éasca agus insroichte chuig na leibhéil éagsúla san fhoirgnimh. Beidh úsáideoirí nua na cúirteanna ar an airdeall faoi thábhacht na cúirteanna agus iad ag dul isteach san fhoirgnimh ach beidh siad ábalta na bealaí poiblí a aimsiú go héasca buíochas don dearadh cóiriúil. Tá Halla Mór cosúil leis an Halla Ciorclach sna Ceithre Chúirt ach, le trastomhas dhá uaire níos mó, tá sé níos cosúla le Teampaill na nDéithe sa Róimh ina mhéid.

Tá úsáid na h-ábhair dúchasacha ar fud an Ollionaid mar chomhartha ar an dínit agus tábhacht na cúirteanna agus tabharfaidh siad príobháideacht agus compord dóibh siúd atá ag lorg cúiteamh nó a bhfuil orthu dul os a gcomhair. Tiocfaidh solas isteach sna seomraí cúirte thrí scáileán mór cré-umha taobh amuigh agus taispeánfaidh sé seo suas na troscáin dlúth-dhair.




# Áiseanna

Beidh an bealach iontrála ag dul trí plaza nua poiblí agus beidh 22 seomra cúirte san Ollionad, ina mbeidh áiseanna físchomhdhála, taifeadadh digiteach, agus léiriú leictreonach fianaise.

Cuirfear ar fáil spásanna móra poiblí, seomraí comhairleoireachta feithimh den chéad scoth agus seomraí cúirte agus áiseanna de mhéideanna éagsúla do lucht an ghiúiré. Maidir le cóiríocht do fhinnéithe, íospartaigh, do ghaolta srl, beidh siad ar chaighdeán níos airde ó thaobh príobháideachta, slándála agus compord de. Beidh áiseanna speisialta ar fáil do dhlíodóirí agus do lucht na meán.

Leagfaidh an tOllionad seo síos caighdeán nua do áiseanna dlí choiriúla na hÉireann, atá ag feidhmiú le solúbthacht agus slándáil a sholáthraíonn slándáil agus cóiríocht do gach duine a úsáideann an tseirbhís chúirte.

Tabharfaidh sé príobháideacht, slándáil, cosaint agus seomraí deighilte do gach duine a úsáideann an chúirt, cosúil le finnéithe, lucht giúiré agus na breithiúna.

# Foireann seo againne ag tabhairt leis an gconradh stairiúil



Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin na Seirbhíse Cúirteanna P.J. Fitzpatrick ag síniú an chonartha d'Ollionad na gCúirteanna Coiriúla leis an Stiúrthóir Brendan Ryan, Cathaoirleach an Bhoird Tionscnaimh, agus John Mahon, Bainisteoir Tionscnaimh ag faire, agus Clare Lenny ó McCann Fitzgerald ag cinntiú go bhfuil an dlíthiúlacht in ord. Dúirt an tUas. Fitzpatrick, a bhfuil gairm beatha fada aige mar cheannasaí seirbhíse poiblí, gurb é an conradh is mó a shínigh sé ariamh a bhí ann

## Fíricí an fhoirgnimh

In Ollionad na gCúirteanna Coiriúla beidh:
be an 11 storey building, approx 25,000m$^2$ of floor area
- foirgneamh 11 stór i gceist, thart ar 25,000m2 de spás úrláir
- níos mó ná 450 seomraí, le 22 cúirteanna san áireamh
- sé ar shuíomh le beagnach 2.5 acra
- thart ar 25,000 méadar ciúbach coincréite ann
- trastomhas 75m aige
- 'Halla Mór' ann le trastomhas 40m
- 12,000m2 gloiniú
- 250 staighrí agus 27 ardaitheoirí ann

Críochnófar an tionscadal taobh istigh de thart ar 34 mhí le lucht saothar de 300 duine ag an bpointe is gnóthaí.

# Osclaíonn Príomh-Theach Cúirte lár tíre i dTulach Mhór – tar éis athchóiriú ar chostas €14 milliún

**Bhí mothú iontach ócáide agus ceiliúrtha san aer, mar a stiúraigh Banna Ceoil an Gharda an bealach do Mharc-Aonad an Gharda agus don gharda onórach. Lean an ceol mar a raibh na haíonna ag fanacht leis an searmanas oscailte don teach cúirte nua-athchóirithe sa Tulach Mhór. Lean an ceol mar a rinne an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí cigireacht ar an ngarda onórach - an dara cigireacht a bhí faighte ag an Gardaí an lá sin - mar a léiríonn na grianghraif. Chríochnaigh an ceol le gleadhradh do ghearradh na ribíne - gníomh a bhí roinnte ag an Aire agus Uachtarán na Cúirte Cuarda, an Breitheamh Matthew Deery.**

Baill eile den bpáirtí oifigiúil ná an Breitheamh Cuarda Anthony Kennedy, An tAire Airgeadais, an tUasal Brian Cowen T.D. agus Aire na nOibreacha Poiblí, an tUasal Tom Parlon T.D.

Chuir an tUachtarán Deery, nuair a bhí mórghnéithe an tionscadail nuachóirithe á leagan amach aige, fáilte roimh an bhfíric go bhfuil "ómós tugtha do charachtar, cáilíocht agus láithreacht an bhunfhoirgnimh agus mórán tréithe caomhnaithe. Tógadh fíor-chúram agus an-aire chun déanamh na creatlaí mar a bhí ann cheana féin a chaomhnú, a chuimsíonn saoirseacht cloiche, fuinneoga adhmaid agus doirse"

Bhí comhghairdeas á dhéanamh ag an Aire McDowell ina óráid, ní hamháin ar rath an tionscadail, ach ar iarrachtaí leanúnacha na Seirbhíse Cúirteanna chun taithí na ndaoine a fheabhsú, bhfuil riachtanas acu ár gcúirteanna a úsáid, trí fhoirgnimh atá ar chaighdeán domhanda agus athruithe agus feabhsuithe eagraíochtúil.

## Ag dearadh todhchaí do shean-teach cúirte

Tá ómós tugtha do charachtar, cáilíocht agus láithreacht an bhunfhoirgnimh agus mórán tréithe caomhnaithe. Tá codanna nua an fhoirgnimh deartha chun íomhá chomhaimseartha na Seirbhíse Cúirteanna nua-aoisí a chur in iúl. Tá eilimint nua an fhoirgnimh roinnte ón bhfoirgneamh a bhí ann cheana féin trí dhroichid ghloine a léiríonn idirdhealú soiléir idir sean agus nua. Tá seirbhísí leictreacha agus meicniúla uile an fhoirgnimh uasghrádaithe go hiomlán. Tá Seomra an Ard-Ghiúiré sa bhunfhoirgneamh 1832-1835 ar ais mar a bhí.

## Cúlra Stairiúil

Léiríonn na hoibreacha a críochnaíodh le déanaí an tríú mhórthionscadal ag an Teach Cúirte. Bhuaigh John Benjamin Keane, ailtire, comórtas a tharla do theach cúirte nua in 1832. D'oscail an Teach Cúirte thiar sa bhliain 1835. Tionóladh an chéad chruinniú de Chomhairle 'Chontae an Rí' san fhoirgneamh thiar sa bhliain 1899. D'athraigh Comhairle Chontae an Rí an t-ainm s'acu go Comhairle Chontae Uíbh Fhailí i Meitheamh 1920. Dódh an foirgneamh agus gan fágtha ach fothrach saoirseachta i mí Iúil 1922.

Rinneadh oibreacha athchóirithe a chomhlíonadh idir na blianta 1925-1927. T.F. McNamara a bhí mar ailtire ar na hoibreacha seo. D'athraigh na hoibreacha seo dreach an bhunfhoirgnimh go substaintiúil. Bhí an foirgneamh á roinnt ag an Teach Cúirte agus ag an gComhairle Chontae go dtí 2002 nuair a bhog Comhairle Chontae Uíbh Fhailí go hoifigí nua i ngaireacht dó.

## Ealaín

Cé go bhfuil sé mar aidhm ag an tSeirbhís Chúirteanna go mbeidh a cuid tithe cúirte agus spásanna poiblí inrochtaine, praiticiúil agus sármhaith i dtéarmaí foráil a dhéanamh do chóiríocht a cuid úsáideoirí, tá sé i gceist aici chomh maith nach mbainfidh fóntaíocht amháin leo. Mórthimpeall an tí cúirteanna, tá roinnt píosaí ealaíne, agu lasmuigh tá píosa nua-aoiseach ag léiriú 'Ceartas' ón ealaíontóir Michael Burke.



An Tánaiste agus Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais & Athchóirithe Dlí , an tUasal Michael McDowell T.D., ag gearradh na ribíne leis an Aire Airgeadais, Brian Cowen T.D., an Breitheamh Matthew Deery, Uachtarán na Cúirte Cuarda.



An chéad iniúchadh den lá ar an ngarda onórach!



Teach Cúirte Thulach Mór

## Saoráidí Nua

Soláthraíonn an foirgneamh nua i bhfad níos mó cóiríochta agus saoráidí ná mar a bhí ar bhí ar fáil sa sean-fhoirgneamh agus ceadaíonn sé don rochtain uilíoch. Cuimsíonn an chóiríocht:

- Trí sheomra cúirte lánfheistithe leis an teicneolaíocht is déanaí
- seomraí na mbreitheamh
- cóiríocht oifige – Oifig na Cúirte Cuarda, Oifig na Cúirte Dúiche, Oifig Réigiúnach
- seomra an ghiúiré
- seomra an dlí teaghlaigh
- seomra tacaíochta d'íospartaigh
- seomra na fianaise físeáin
- 12 seomra feithimh/comhairliúcháin
- seomra na meán agus oifig phromhaidh
- saoráidí don Gharda Síochána agus don tSeirbhís Phríosúin
- cóiríocht do phríosúnaithe ina chuimsítear sé chill agus seomra agallaimh daingin
- cóiríocht do chleachtóirí dlí



Déanann an tAire McDowell iniúchadh ar an ngarda onórach



An bord uachtair



Clé go deas: Sean Benton (Cathaoirleach, Oifig na nOibreacha Poiblí, an tAire Airgeadais, an tUasal Brian Cowen T.D. agus an tUasal PJ Fitzpatrick (POF na Seirbhíse Cúirteanna) ag an oscailt



Laistigh den Teach Cúirte



Uaisle ar chéimeanna an Tí Cúirte

# Ag labhairt le húsáideoirí na cúirte...rud maith i gcónaí

**Rinneadh Príomhfhóram Bliantúil an Chustaiméara a thionól le déanaí. Tháinig beagnach 40 ionadaí ó eagraíochtaí lena mbíonn an tSeirbhís Chúirteanna ag plé le chéile, mar a mhíníonn tionólaí na himeachta, Nuala McLoughlin, Stiúrthóir Oibríochtaí, An Chúirt Chuarda agus An Ard-Chúirt:**


Nuala McLoughlin, Stiúrthóirí Oibríochtaí, An Chúirt Uachtarach agus An Ard-Chúirt

Tá sí mar aidhm againn feidhmiú i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí eile in earnáil an dlí agus na daoine sin atá ag ionadaíocht do na húsáideoirí cúirte éagsúla, chun cinntiú go ndéantar gnó coiriúil agus sibhialta a phróiseáil agus gan mhoill. Ceann de na tionscnaimh atá glactha againn chun cuidiú leis na cúrsaí seo ná bunú Phríomhfhóram an Chustaiméara.

Rinneadh an 3ú cruinniú bliantúil den bhFóram a thionól le déanaí ag an Park Inn, Margadh na Feirme. I measc iad siúd a bhí i láthair bhí Seirbhís Tacaíochta na Cúirte a sholáthraíonn seirbhís thionlacain chúirte d'íospartaigh na coireachta agus a dteaghlaigh, agus Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach.

Thug an POF, an tUasal P.J. Fitzpatrick, aitheasc do na haíonna a d'aimsigh nuashonruithe ansin ar líon eochairthionscadail, a mbeidh tionchar acu ar chustaiméirí agus seirbhís do chustaiméirí.

Leag Shay Kirk amach **Clár Foirgníochta na Seirbhíse Cúirteanna** a dhíreoidh i 2007 ar athchóirithe na dtithe cúirte i Muineachán, Cill Chainnigh, Cill Mhantáin agus An Muileann gCearr agus saoráidí nua d'ionaid ina bhfuil an daonra ag fás: Baile Bhlainséar, Maigh Nuad, Sord agus Tamhlacht. I measc na bpríomhghnéithe i ngach saoráid cúirte nua agus athchóirithe ná gur soláthraíodh seomraí comhairliúcháin, saoráidí do thacaíocht íospartaigh gus an teicneolaíocht cúirte is nua-aoisí. Rinne Shay cur síos ar Ollionad na gCúirteanna Coiriúla nua, atá anois á thógáil ar chúinne Bhóthar na hOtharlainne agus Sráid Gheata na Páirce agus soláthrófar 22 Seomra Cúirte ann agus na saoraidí coimhdeacha riachtanacha ar fad.

Leag Helen Priestley amach an cur chuige atá againn do **sholáthar faisnéise ar sheirbhís na gcúirteanna** atá ar cheann de shainorduithe reachtúla na Seirbhíse Cúirteanna. Léirigh Helen cuid de ghnéithe an láithreáin gréasáin, agus rinne sí cur síos ar fhoilseacháin na Seirbhíse Cúirteanna agus ar an gclár for-rochtana do ghrúpaí pobail.

Ar an mbealach céanna, labhair Angela Denning ar an áis chuardaigh **ar líne atá le lainseáil** go luath do chóras um rianú cás na hArd-Chúirte. Ceadóidh an saoráid nua seo rochtain éasca ar an gcóras um rianú inléite amháin, atá rathúil cheana féin le líon mór dár gcustaiméirí á úsáid. Beidh cúnamh ionsuite d'úsáideoirí ag an áis chuardaigh ar líne. Soláthróidh sí chomh maith do chuardaigh casta, agus beidh sí níos éasca le húsáid ná an áis chuardaigh atá i láthair na huaire.

Bhí cur i láthair ag Michael Byrne ar na **hÉilimh Bheaga ar Líne**, a lainseáileadh ar bhonn píolótach i 16 oifig na Cúirte na Dúiche i mí na Samhna 2006. Mhínigh Michael conas ar féidir na héilimh bheaga a dhéanamh ar líne anois, i mBéarla nó i nGaeilge. Sa chéad trí mhí den phíolótach, rinneadh 40% d'éilimh nua ag baint leasa as an gcóras ar líne a bheidh ar fáil go luath ar bhonn náisiúnta.

Rinne Shay Keary an cur i láthair deiridh ar **Chóras Cuntasaíochta na gCúirteanna** nua. Ceadóidh an tréimhse phíolótach den chóras seo do chustaiméirí íocaíochtaí a dhéanamh ar fhíneálacha agus Bosca na mBocht leis an Lároifig Chuntasaíochta Cúirte. Tá mórán buntáistí sa chóras seo do chustaiméirí nach mbeidh de dhíth orthu níos faide, mar shampla, glaoch ar Oifig na bhFíneálacha chun aisíoc a fháil ar airgead bannaí. Nuair a iontráiltear isteach i mbannaí ar nó tar éis an 2ú Aibreán, déanfaidh Lároifig Cuntasaíochta na gCúirteanna an seic aisíoca a sheoladh ar ais ar an ngnáthchúrsa, agus déantar sonraí na socruithe nua a phriontáil ar chúl na gcúirtbhannaí d'éascaíocht na gcustaiméirí.

Bhí fóram bríomhar oscailte do cheisteanna agus freagraí ón urlár tar éis na gcainteanna. Tugaimid aitheantas dár gcustaiméirí a chuir lánbhrí leis na cruinnithe seo.


Ionadaithe ag an gclárú.


Ionadaithe ag an bhfóram.

# Ardaigí do dhlíodóirí an lae amáraigh



Seo iad Ann O'Donovan agus Aibhlín O'Leary ó Choláiste na Toirbhirte, Droichead na Bandan i gContae Chorcaí, a buaiteoir ar an gComórtas Trialach Bréige 2007. Iena n-aghaidheanna corraithe le gliondar.



Bíonn comhairliúchán le linn na trialach ag Coláiste na Toirbhirte, Baile Átha an Rí, a tháinig sa dara háit sa Chomórtas Trialach Bréige 2007.



Tá na rannpháirtithe de bhabhtaí leath-cheannais na dTrialacha Bréige réidh le tosú.



"Grúpa" de mhic léinn atá rannpháirteach sna Trialacha Bréige.

# Ag déanamh céille as Soláthar




**Leagann John Cleere, ón Stiúrthóireacht Airgeadais, amach an Polasaí Soláthair agus Treoirlínte d'Úsáideoirí atá eisithe ag foireann na Seirbhíse Cúirteanna le déanaí.**

Tá buiséad de €131m ag an tSeirbhís Chúirteanna do 2007. Baineann cuid mhór, €70m go neasach, le soláthar earraí agus seirbhísí go tríú páirtithe. Le caiteachas féidearthach mar seo, tá sé riachtanach go léireodh An tSeirbhís Chúirteanna, mar Ghníomhaireacht Stáit neamhspleách atá rialaithe ag an dlí poiblí, géilliúlacht le treoracha soláthair an AE agus treoirlínte an Rialtais, chomh maith le dea-chleachtas a chur i bhfeidhm i réimse an tsoláthair.

Tá roinnt athruithe tarlaithe sa réimse, ó foilsíodh an doiciméad roimhe seo maidir le beartas. Tá Treoracha AE agus Rialacháin Náisiúnta nuashonraithe mar shampla, agus táimid anois ag úsáid Comhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha chun eilimintí dár gclár tógála caipitil a chur i bhfeidhm. Tá siad seo ar fad, chomh maith leis an riachtanas leanúnach maidir le dea-chleachtas a chothú agus luach ar airgead a ghnóthú, tar éis riachtanas a chruthú chun nuashonrú a déanamh ar an bpolasaí soláthair.

Don chríoch seo, foilsíodh Polasaí Soláthair agus Treoirlínte d'Úsáideoirí le déanaí. Déanann siad seo nuashonrú agus tagann siad in áit na dtreoirlínte soláthair roimhe seo. Tá siad seo ullmhaithe chun cinntiú go sásaíonn gach gníomhaíocht soláthair na Seirbhíse Cúirteanna na cuspóirí agus eochairphrionsabail a bhaineann leis an bpróiseas iomaíoch, déileáil chomhionann, follasacht, neamh-idirdhealú agus comhréireacht atá mar chranntaca ag rialacha AE agus náisiúnta agus is gá cloí leo nuair atá cleachtadh soláthair á stiúradh.

Chun tacú le húsáid an pholasaí agus cur chun cinn an tsoláthair go ginearálta, rinneadh oiliúint a stiúradh i gcomhar le Achilles Procurement Service Ltd, speisialtóirí sa soláthar poiblí. Eagraíodh trí sheisiún oiliúna ar leith le linn mí Márta agus Aibreán, le breis oiliúna á eagrú mar atá riachtanach níos déanaí sa bhliain. Tá aiseolas ó rannpháirtithe an-dearfach agus tá an leibhéal feasachta méadaithe laistigh den tSeirbhís.



Foireann ag cúrsa oiliúna le déanaí

Tá an polasaí soláthair agus na teimpléid ábhartha go léir ar fáil ar shuíomh eolais na gCúirteanna. Má tá aon cheist agat ar chúrsaí soláthair, comhairligh leis an bPolasaí Soláthair agus Treoirlínte d'Úsáideoirí i dtús báire. Chun tuilleadh cúnaimh a fháil, déan teagmháil le John Cleere ag 01-888 6054 nó John Mahon ag 01-888 6593.

# suirbhé Cabhraigh linn agus comhlanaigh ár suirbhé – lean ar aghaidh, lean ar aghaidh, lean ar aghaidh…

**Fuaireamar freagairt mhaith ar an suirbhé a bhí againn in eagrán mí Márta. Ba bhreá linn dá seolfaí breis foirmeacha ar ais an babhta anseo. Cuidigh linn agus déanfaimid tú a iontráil i gcrannchur do dhuais speisialta:**

**1. Cuir in iúl, más é do thoil é, cén Catagóir Léitheoireachta lena mbaineann tú:**

☐ Ball Foirne
☐ Aturnae
☐ Abhcóide
☐ Eile (sonraigh le do thoil): ------------------------------------------------

**2. Cuir in iúl, más é do thoil é, an mó a aontaíonn tú leis na ráitis a leanas faoi Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna:**

| | Aontaím go láidir | aontaím | easaontaím |
|---|---|---|---|
| (i) 'Tá sí tar éis cumarsáid a fheabhsú idir na Seirbhíse agus a foireann agus úsáideoirí' | ☐ | ☐ | ☐ |
| (ii) 'Tá sí faisnéiseach agus suimiúil' | ☐ | ☐ | ☐ |
| (iii) 'Tá sí leagtha amach go maith agus tarraingteach le breathnú uirthi' | ☐ | ☐ | ☐ |
| (iv) 'Coinníonn sí mé suas chun dáta ar fhorbairtí sa tSeirbhís Chúirteanna' | ☐ | ☐ | ☐ |
| (v) 'Tá cothromaíocht mhaith idir ábhar níos troime agus níos éadroime' | ☐ | ☐ | ☐ |

**3. Cuir in iúl, más é do thoil é, cén ceann de na míreanna/gné-ailt a leanas atá léite agat:**

| | Beagnach i gcónaí | corruair | annamh | riamh |
|---|---|---|---|---|
| (i) Nuacht foirne (e.g.: ceapacháin, scoir,…) | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| (ii) Míreanna Eagraíochtúil (e.g.: T.F. , Oiliúint,… ) | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| (iii) Foirgnimh Chúirte (e.g.: Stair, nuachóiriú,…) | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| (iv) Forbairtí Níos Leithne na Seirbhíse Poiblí | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| (v) Gné-Ailt (e.g.: Agallaimh, mórthimpeall an domhain,…) | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| (vi) Sóisialta agus Pearsanta (a chuimsíonn Comórtais) | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |

**4. Céard gur mhaith leat níos mó de a fheiceáil?**

------------------------------------------------

**5. Céard gur mhaith leat níos lú de a fheiceáil?**

------------------------------------------------

**6. Mol ábhair áirithe gur mhaith leat alt a fheiceáil fúthu i Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna:**

------------------------------------------------

**7. San iomlán cén rátáil a thabharfá do Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna?**

☐ Ar Fheabhas
☐ An-Mhaith
☐ Go Maith
☐ Meán
☐ Cuíosach
☐ Go Dona



**Go raibh maith agat as ucht an suirbhé a chomhlánú. Bain an fhoirm fhreagra (nó fótachóip murar mian leat damáiste a dhéanamh don Nuachtlitir) agus seol ar ais go dtí: Nuachlitir na Seirbhíse Cúirteanna, (Suirbhé Léitheoireachta), Oifig Eolais na Seirbhíse Cúirteanna, Teach an Fhionnuisce, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7. Nó seol do chuid freagraí, ag baint úsáide as uimhreacha na gceisteanna chun na freagraí uait a sholáthar, trí ríomhphost go dtí: co'leary@courts.ie**

# Tugann an Chúirt Bhreithiúnais Eorpach cuairt ar Éirinn

**Tar éis 34 bliana de bhallraíocht na hÉireann san Aontas Eorpach, tá an chéad chuairt oifigiúil riamh tarlaithe ón gCúirt Bhreithiúnais Eorpach. Deireann Gerry Curran linn faoin ócáid stairiúil:**



Baill den gCúirt Bhreithiúnais Eorpach la baill de Bhreithiúnach na hÉireann agus Tuaisceart Éireann i Farmleigh.

Bhí an Príomh-Bhreitheamh John L. Murray ina óstach don ócáid i lár mí Bealtaine a bhain le breithiuna Eorpacha in iliomas cruinnithe, seimineáir agus imeachtaí - in ionaid cosúil le Dáil Éireann, Teach Uíbh Eachach agus Farmleigh.

Cloíodh le sceideal gnó a bhí fíor-ghnóthach agus a chuimsigh cruinniú leis an bPríomh-Bhreitheamh agus baill na nUaschúirteanna , atá a tugadh páipéar ar an ábhar "Remedies available to the individual in Irish law against the State and state agencies", ón mBreitheamh Hugh Geoghegan. Labhair an Breitheamh Jean Claude Bonichot, An Chúirt Bhreithiúnais Eorpach, (CBE) ar an teideal "State liability including liability for damages arising under EU law for non-implementation of directives".

Chuimsigh na páipéir eile "The scope of the duty not to apply national law which is in conflict with EU law" a thug an Breitheamh Thomas von Danwitz, CBE agus "The scope of the duty of national courts to make a reference pursuant to Article 234 and the implications for such courts of restrictions on that duty under the Treaty of the European Union" a ullmhaigh agus a thug an tArdabhcóide Eleanor Sharpston, CBE.

Chuimsigh cuid den chuairt láithreacht an Tiarna Príomh-Bhreithimh agus na breithiúna sinsearacha ó Thuaisceart Éireann.

An buaicphointe de ghné thaidhleoireachta agus shóisialta na cuairte ná dinnéar in Áras an Uachtaráin, arna óstáil ag A Soilse Uachtarán na hÉireann, Máire Bean Mhic Ghiolla Íosa. Bhí an Ceann Comhairle Dr. Rory O'Hanlon ina óstach chomh maith ar lón in Iveagh House.

Bhí sé luaite go raibh an sceideal iomlán agus teann fíor-eagraithe agus thug na rannpháirtithe moladh don mhórimeacht idirnáisiúnta seo ar an mbealach gairmiúil ina ndearna Aonad Tacaíochta Breithiúnaí na Seirbhíse Cúirteanna bainistiú ar chúrsaí.



An Breitheamh Pernilla Lindh (Ar chlé) agus an Breitheamh Mary Finlay-Geoghegan

# I gCuimhne Seán Browne



Bhí Seán mar Phríomhchléireach i dTeach Cúirte Dhoire an Fhéich ar feadh sé bliana roimh an bháis. D'oibrigh sé roimhe sin i gCúirt Chuarda na Gaillimhe, Cúirt Dúiche Thuama, agus mar Phríomhchléireach i gCúirt Dúiche Bhéal Átha na Sluaighe, roimh thosú i nDoire an Fhéich.

I nDoire an Fhéich, tháinig Seán i gcomharbacht ar a chomhghleacaí aitheanta Paddy Carty, a bhásaigh. Bhí dúshlán ollmhór roimhe, a rinne sé a shárú le stíl agus scil. Thosaigh sé ar Dioplóma sa Ghaeilge chun feabhas a chur ar a chuid líofachta sa teanga dúchais agus thug sé faoi chasadh leis na húsáideoirí cúirte éagsúla sa chléireachas. Bhunaigh sé comhthuiscint mhaith leo go léir an-luath. Bhunaigh an tsuim ghníomhach a bhí aige sna cúrsaí dlíthiúla ar fad é féin mar thobar feasa sa réimse.

Is féidir le Doire an Fhéich a bheith ina sannadh deacair le laethanta fada leat féin imithe go cúirteanna lasmuigh. Thug an bheirt, Róisín Uí Neachtain agus Mary Corduff, cúnamh dó ina chuid oibre cibé ar bith. D'oibrigh an bheirt le Seán i nDoire an Fhéich chun cinntiú gur soláthraíodh seirbhís den chéad scoth dá n-úsáideoirí. D'oibrigh Róisín agus Mary go fíor-chrua chun an tseirbhís seo a chothabháil nuair a bhí Seán breoite.

Bhí an-chion ag Seán don TF agus don teicneolaíocht nua-aoiseach. Go deimhin, bhí sé mar ionadaí don réigiún ar choiste úsáideoirí an Chórais Bainistíochta um Chásanna Coiriúla, roimh dó a bheith breoite. Go minic nuair a bhí sé ar cuairt go Doire an Fhéich, bheadh smaointe úra ag Seán faoinár seirbhís a fheabhsú agus comhairle chomh maith ar an luach níos fearr a fháil ó phacáistí TF.

Bhí teaghlach Sheáin mar fhoinse seasta bróid agus ionsparáide agus bhí cúrsaí ceoil rí-lárnach sa teach. Is cuimhin liom é ag Aifreann do chomhaltaí foirne den ghairm dlí agus den tSeirbhís Chúirteanna a bhí imithe ar shlí na fírinne, ag cur a mhac Brendan in aithne, a bhí ag tosú mar 'chúntóir'. Labhair sé go minic agus beagnach le héad faoina iníon Maureen, a bhí ar chamchuairt mórthimpeall an domhain le compántas iomráiteach rince Éireannach.

Bhí slua mór i láthair don tórramh agus don adhlacadh. Ar an dá ócáid, thug a chuid comhghleacaithe ómós in iúl do Sheán trí gharda onórach.

Do Noreina, Brendan agus Maureen, cuirimid ár bhfíor-chomhbhrón in iúl.

Suaimhneas na bhFlaitheas dá anam.

*Brendan McDonald*

# Fíor-chomhbhrón ar bhás Eugene Green



Bhásaigh Eugene Green a d'oibrigh sna Ceithre Chúirt le Breitheamh Carroll, Breitheamh Barr agus Breitheamh Barrington ar feadh na mblianta, ar an 14ú Márta i mbliana.

Cuimhníonn Tommy Barnes, Giolla an Halla sna Ceithre Chúirt, ar Eugene mar fear uasal amach is amach. "Bhí an-chion ag gach duine air a tháinig i dteagmháil leis". Roimh theacht ar bord sa tSeirbhís Chúirteanna, bhí Eugene ag obair i Sasana agus mórthimpeall Bhaile Átha Cliath. D'oibrigh sé le trí bhreitheamh, agus insíonn sé seo go leor faoina chumas agus faon mianach a bhí ann. D'imigh Eugene ar scor ón tSeirbhís Chúirteanna i mí Iúil 1999. Bhí an saol a bhí aige ar scor díreach chomh lán leis an sol oibre a bhí aige. Bhí sé dlúthchainteach le cóitseáil ag Cumann Sacair St. Anthony's i gCill Chomhghaill. Bhásaigh sé go síochánta le linn codlata tar éis breoiteachta fada in Ospidéal St. Michael's, Dún Laoghaire.

Aireoidh a chuid cairde sa tSeirbhís Chúirteanna uathu Eugene go mór, go háirithe Tommy Barnes agus Josie Kehoe. Cuirimid ár gcomhbhrón in iúl do bhean Eugene, Patty agus dá chlann.

Suaimhneas na bhFlaitheas dá anam.




# Cóipeanna de Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna

Más mian leat cóipeanna breise de Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna a fháil nó foilseacháin na Seirbhíse Cúirteanna eile, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le Catherine O'Leary san Oifig Faisnéise ag an uimhir a leanas:

**01-888 6459**

nó scríobh go dtí:
**An tSeirbhís Chúirteanna, Oifig Eolais, 15-24 Sráid an Fhionnuisce Thuaidh, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7**

nó ríomhphost a sheoladh chuig:

**publicationsunit@courts.ie**


An Breitheamh John Hedigan, Ard-Chúirt


An Breitheamh Bryan McMahon, Ard-Chúirt


An Breitheamh Garrett Sheehan, Ard-Chúirt


An Breitheamh George M. Birmingham, Ard-Chúirt


An Breitheamh Mary C. Irvine, Ard-Chúirt


An Breitheamh John A. Edwards, Ard-Chúirt


An Breitheamh Patrick J. McCarthy, Ard-Chúirt


An Breitheamh Petria McDonnell agus An Breitheamh Gerard Griffin, An Chúirt Chuarda



Ó chlé go deas: An Breitheamh Rory P. McCabe, An Breitheamh Anthony G. Hunt, An Breitheamh Martin E. Nolan, An Chúirt Chuarda



An Breitheamh Anthony J. Halpin, An Chúirt Dúiche



An Breitheamh John Lindsay, An Chúirt Dúiche



An Breitheamh Eamon O'Brien, An Chúirt Dúiche



An Breitheamh David McHugh, An Chúirt Dúiche



An Breitheamh Denis McLoughlin, An Chúirt Dúiche



An Breitheamh Elizabeth MacGrath, An Chúirt Dúiche

# Cláraitheoir an Chontae Nua do Ghaillimh

Tá Marian Chambers-Higgins ceaptha mar Chláraitheoir Contae do Ghaillimh. Tá Marian ina Baitsiléar sa Dlí Sibhialta agus tá cáilíochtaí aici chomh maith ó Chúrsa Gairmiúil na nDlíodóirí ag Dlí-Chumann na hÉireann. Roimh a ceapadh í mar Chláraitheoir Contae, bhí Marian ina dlíodóir ar feadh 27 bliana.

I measc na réimsí suime atá ag Marian, tá léitheoireacht, cnocadóireacht, snámh, marcaíocht ar chapall agus gníomhaíochtaí óige a chur chun cinn. Tá sí rannpháirteach mar chóitseálaí agus tiomsaitheoir do CLCG na mBan agus mar eagraí agus bainisteoir foirne ag na Cluichí Pobail áitiúla agus náisiúnta araon. Le bliain anuas, ghlac sí páirt i bhfálróid thiomsaithe airgid i bPeiriú ar mhaithe le Concern. Mhair an fhálróid 10 lá agus bhailigh sí €15,000 don eagraíocht. D'airigh Marian "Is eispéireas ar leith a bhí ann agus leibhéalaí iontach gach duine a fheiceáil clúdaithe le láib ón gceann go méara na cosa"

# Bainisteoir Réigiúnach an Tuaiscirt Nua



Tá Paula Lyons tagtha ar bord foirne na Seirbhíse Cúirteanna le déanaí mar Bhainisteoir Réigiúnach an Tuaiscirt. D'oibrigh Paula roimhe seo sa Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh. Tá sí pósta le beirt clainne atá in aois sé agus ocht, chomh maith le madra, cat agus capaillín darb ainm "Popcorn" - áisiúil chun bóithre an Chabháin agus Mhuineacháin a láimhseáil! I measc na gcaithimh aimsire atá ag Paula, tá snámh, siúlóid mhadra agus marcaíocht ar chapall. Deir Paula "Táim ag súil go mór le mo phost nua mar Bhainisteoir Réigiúnach do Réigiún an Tuaiscirt agus óibriú leis an bhfoireann ábhartha ar fad sa tSeirbhís. Tá gach duine sa tSeirbhís Chúirteanna a chuaigh mé i dteagmháil leo go dáta fíor-chairdiúil agus fíor-chabhrach, go háiriithe an sealbhóir oifige atá ag fágáil anseo i Muineachán, Olive Caulfield".

# Príomhchléireach Nua do Chúirt Chuarda Chorcaí



Tá Mary Crowley mar Phríomhchléireach sa Chúirt Chuarda i gCorcaigh. Bhí gairmréim ilchineálach ag Mary sa tSeirbhís chúirteanna has, agus obair déanta aici i bPríomhoifig na hArd-Chúirte, sa Stiúrthóireacht Airgeadais (a chuimsítear in Oifig an Chuntasóra) agus le déanaí i Stiúrthóireacht na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche.

# Bainisteoir Tionscadail, Ollionad na gCúirteanna Coiriúla



Tá Olive Caulfield ceaptha mar Bhainisteoir Tionscadail san oifig atá bunaithe chun maoirsiú a dhéanamh ar thionscadal Ollionaid Aontaithe na gCúirteanna Coiriúil i mBaile Átha Cliath. Go dtí le déanaí, d'oibrigh Olive mar Bhainisteoir Réigiúnach an Tuaiscirt agus í bunaithe i Muineachán. Roimhe sin, d'oibrigh sí sa Stiúrthóireacht um Athchóiriú agus Forbairt, bhí sí mar Leas-Phríomhchléireach i dTeach Cúirte Chnoc na Seimre agus d'oibrigh sí i roinnt oifigí laistigh de Dhúiche Limistéir Bhaile Átha Cliath. Ghníomhaigh sí mar rúnaí chomh maith do Choiste Rialacha na Cúirte Dúiche.

# David mar Chigire Féimheachta nua



Ceapadh David O'Carroll le déanaí mar Chigire Féimheachta in Oifig an tSannaí Oifigiúil i bhFéimheacht. Chaith David 36 bliain mar bhall den Gharda Síochána agus le linn an ama sin, bhí sé lonnaithe i mBaile Átha Cliath agus mórthimpeall na tíre, a chuimsigh tréimhse ar an teorainn i sráidbhaile na Blaice, Co. an Chabháin. Tar éis dó imeacht ar scor, ghníomhaigh David mar bholscaire d'Uachtarán na Cúirte Cuarda, An Breitheamh Esmond Smyth, idir 2002 agus 2004.

"Tá sé iontach a bheith ar ais sna cúirteanna", a dúirt David linn. "Táim ag baint sult as an bpost nua. Is dúshlán suimiúil agus úr atá ann dom. Tá an-fháilte curtha romham in Oifig an tSannaí Oifigiúil. Tá foireann agus atmaisféar iontach anseo".

# Príomhchléirigh Nua na gCúirteanna Dúiche

## Cúirt Dúiche Dhún Dealgan



Is cosúil go bhfuil Brendan Cleary ag filleadh ar Chúirt Dúiche Dhún Dealgan mar Phríomhchléireach, tar éis dó a bheith mar Phríomhchléireach i Muineachán le cúig bliana anuas. Ní strainséar do Dhún Dealgan é nuair a rugadh agus a tógadh ann é, agus chaith Brendan tréimhse deich mbliana in Oifig Chúirt Dúiche Dhún Dealgan idir 1980 agus 1990. Ó shin i leith, d'fhreastal sé sa Chúirt Chuarda i mBaile Átha Cliath, sa Chúirt Chuarda sa Chabhán, sa Príomh-Chúirt Choiriúil agus sa Stiúrthóireacht um Acmhainní Daonna. Dúirt Brendan go raibh sé "a súil le filleadh ar an bhfód dúchasach".

## Cúirt Dúiche Mhuineacháin



Tá Bernadette Smith ceaptha mar Phríomhchléireach i gCúirt Dúiche Mhuineacháin. Bhí sí ag gníomhú mar Chláraitheoir sa Phríomh-Chúirt choiriúil le 4 bliana anuas, agus obair déanta aici roimhe sin in oifigí na Cúirte Cuarda sa Chabhán agus i Muineachán.

Ghnóthaigh Bernadette a Teastas sna Staidéir Ghairmiúla Dlí le déanaí ó Griffith College, Baile Átha Cliath.

## Cúirt Dúiche Dhoire an Fhéich



Tá Michael Considine ceaptha mar Phríomhchléireach i gCúirt Duiche Dhoire an Fhéich. Tá Michael tar éis oibriú cheana féin in oifigí na Cúirte Dúiche i Loch Garman agus Guaire agus le déanaí sa Chúirt Chuarda i mBaile Átha Cliath. D'oirigh sé i mBré roimh dó an post seo a thógáil. Is aturnae cáilithe é Michael chomh maith agus d'oibrigh sé ar feadh tréimhse leis an mBord um Chúnamh Dlíthiúil.

## Cúirt Dúiche Shoird

Tar éis dó oibriú sa Stiúrthóireacht Airgeadais agus in Oifig an Chuntasóra, thosaigh Dermot O'Byrne mar Phríomhchléireach in Oifig Chúirt Dúiche Shoird ar an 14ú Bealtaine. Tagann sé i gcomharbacht ar Mary Bennett atá ag dílárú chuig an Uaimh leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.



# Téann Príomhchóras Cuntasaíochta na gCúirteanna go Sligeach

Tar éis cleachtadh píolótach a bhí rathúil le hoifigí roghnaithe i mBaile Átha Cliath, rinneadh Córas Cuntasaíochta na gCúirteanna le nasc chuig Lároifig Cuntasaíochta na gCúirteanna (LCC) a imlonnú in Oifig Chúirt Dúiche Shligigh le déanaí mar chuid de chleachtadh píolótach. Déanfar fíneálacha, íocaíochtaí bhosca na mbocht, bannaí agus íocaíochtaí cothabhála an dlí teaghlaigh a phróiseáil ag baint leasa as an gcóras nua. Aimseofar na híocaíochtaí i Sligeach agus déanfar na seiceanna a eisiúint ón LCC i mBaile Átha Cliath.

Is féidir le cliaint an dlí teaghlaigh i Sligeach rogha a dhéanamh chomh maith, na híocaíochtaí a bheith déanta go díreach isteach ina gcuntas bainc trí aistriú leictreonach cistí. "Tá an fhreagairt go dáta an-dearfach", a deir Shay. "Chuir 40 duine (os cionn 30% de na daoine go ndearnadh tairiscint dóibh) suim in iúl maidir leis an saoráid nua seo a úsáid, nuair a tháinig an scéal i dtús ama ó oifig na cúirte".

**Beidh nuashonrú breise againn sa chéad eagrán eile.**



Sa ghrianghraf tar éis imlonnú ar Chóras Cuntasaíochta na gCúirteanna agus socruithe nua ar phróiseáil na n-íocaíochtaí in Oifig Chúirt Dúiche Shligigh: (ar chlé ar fad) Sean Quigley (Stiúrthóir Airgeadais), (ar dheis ar fad) Shay Keary (Bainisteoir Tionscadail ar Chóras Cuntasaíochta na gCúirteanna) agus Foireann Chúirt Dúiche Shligigh.

# Ag guí gach ádh ar Mharian

D'imigh Marian Quinn ó Oifig Chúirt Chuarda Chorcaí ar scor le déanaí. Thosaigh gairm Mharian i mBaile Átha Cliath i 1973. Bhog sí uaid hsin go Port Láirge, Bun Cranncha, Cúirt Dúiche Chorcaí agus Cúirt Chuarda Chorcaí. Le linn na gairmréime aici, bhí obair Mharian bunaithe ar chúirtéis agus gairmiúlacht ina cuid teagmhálacha le húsáideoirí na cúirte. Ag an imeacht scoir a eagraíodh di le déanaí, bhí slua mór i láthair a chimsigh breithimh, foireann na gcúirteanna agus mórán iar-chomhghleacaithe a thaisteal aistir fhada le bheith léi don trathnóna speisialta. Bhí ionadaíocht mhór ann a chuimsigh aturnaetha, abhcóidí, Gardaí, an tSeirbhís Phromhaidh agus ionadaithe ó mhórán grúpaí difriúla eile a chuimsíonn Tacaíocht d'Íospartaigh agus an tIonad Éigeandála um Éigniú.

Bhí a fear céile Joe agus an teaghlach i láthair leis an gCláraitheoir Contae, Deirdre O'Mahony, a choisteáil ag tagairt do chúirtéis agus cuiditheacht Mharian, chomh maith leis an gcineáltas agus



Deirdre O'Mahony (Cláraitheoir an Chontae) & Marian Quinn.



Líne Chúil: C-D Margaret O'Halloran, Paddy Whelan, Martin O'Donovan, Helen Smith, Sinead O'Brien, Kevin Cahill, Anne Kissane, Helen Linehan, Richard O'Connor, Claire Donegan, Maurice McCarthy (Cúirt Chuarda Chorcaí ar fad) & Dermot O'Connell (Seirbhís Phromhaidh agus Leasa); Líne Thosaigh: C-D Hazel McCarthy (An Chúirt Chuarda), Joe Quinn (Fear Céile Marian, Deirdre O'Mahony (Cláraitheoir an Chontae), Marian Quinn, John Quinn (Mac le Marian).

tuiscint a bhí aici a bhí gan teorainn. Is cuimhin le Deirdre an obair iontach a rinne Marian thar na mblianta i mórán codanna sna cúirteanna, agus an díograis a thug sí don uile duine. Ghlac sí le modhanna "TF" go luath agus i bhfad sula glacadh le modhanna "TF" mar chuid de bheartas ginearálta na gcúirteanna. Bhí ardmheas ar Mharian de bharr a saineolas dlí agus an nádúr cneasta tuisceanach a bhí aici.

Rinne Marian buíochas a ghabháil le gach duine dá dtréasluithe chneasta, thug sí suntas d'iarrachtaí na ndaoine a d'eagraigh an chóisir agus thug sí geallúint go gcoinneodh sí i dteagmháil leo.

*Guímid gach rath uirthi lena tréimhse scoir.*

# Imíonn Michael Bolton ar scor mar Chigire Féimheachta



Michael (sa ghrianghraf) lena bhean Helen agus iar-chomhghleacaithe

Bhailigh an pearsanra reatha, agus iar-fhostaithe, ó Oifig an tSannaí Oifigiúil le comhghleacaithe ó oifigí eile i dTeach an Fhionnuisce, chun ómós a léiriú do Mhichael Bolton ar a ócáid scoir le déanaí. Seo an dara scor a bhí aige, agus é imithe ar scor ocht mbliana tar éis gairmréim faoi leith leis an Garda Síochána, agus ar deireadh leis an mBiúró Imscúdaithe Calaoise. Ghlac an iar-Sannaí Oifigiúil, Noel Rubotham, buíochas le Michael don chúnamh a tugadh dó le dualgais na hoifige a chomhlíonadh, a bhaineann de réir nádúir le déileáil le daoine ag tráth leochaileach ina saol. Mhol an Sannaí Oifigiúil reatha, Tom Tynan, Michael dá thaithí agus eolas a roinn Michael leis, ní áirítear an cairdeas atá forbartha eatarthu. Thug an aturnae, Andy Smyth, ómós dó ar son na gcleachtóirí dlí a chleachtaigh leis i réimse na féimheachta agus chuir sé béim ar an mbealach daonna ina ndearna Michael a chuid dualgas a chomhlíonadh, agus ní dhearna sé dearmad riamh ar nádúr pearsanta na féimheachta a rinne cúrsaí deacair don fhéimheach, dá t(h)eaghlach agus creidiúnaithe. Bhí imní ar Andy, a bhí feasach ar leibhéal scile Michael sa ghalf, go mbeadh sé indéanta ag Michael an cluiche gailf a imirt lena rabhadar ag feitheamh le fada.

D'fhreagair Michael go tipiciúil, ag gabháil buíochais le gach duine go hindibhidiúil a chabhraigh leis le hocht mbliana anuas agus mhol sé eagarthóirí an chóisir scoir. Rinne Geraldine Hurley, Leas-Shannaí Oifigiúil, na dualgais mar MC a chomhlíonadh, ag tabhairt a moladh féin do Michael, agus rinne sí féin agus Tom Tynan roinnt bronntanais a bhronnadh. Bhí Pat Stephenson, Ceantálaí Cúirte, agus Bill Holohan, aturnae i láthair chomh maith.

Is eol dúinn go mbeidh dóthain ag Michael len é féin a choinneáil gnóthach sa tréimhse scoir le héilimh iomaíocha na ngarleanaí, a shaineolas DFÉ, an ghailf agus droichead (bridge). Sílim go mbeidh an chúrsáil Meánmhara ar feitheamh. Guímid gach sonas ar Michael agus a bhean Helen sa todhchaí, agus Michael, ná bí mar strainséar.

*Noel A. Doherty*

# Slán le Vincent Coleman



Clé go Deas: Tommy Barnes (Giolla an Halla), Richie Corcoran (Oifigeach Seirbhíse), Eugene Lynch (Ceannoifigeach Seirbhíse), Vincent Coleman, Johnny Dylan (Oifigeach Seirbhíse), Peter McGuigan (Giolla Cúirte), Tom Dwyer (Oifigeach Seirbhíse), Dan Boland (Oifigeach Seirbhíse).

Labhair Eugene Lynch linn faoi Eugene Lynch a chuaigh ar scor ón tSeirbhís Chúirteanna le déanaí. "D'oibrigh Vincent ar feadh fiche bliana agus cúig mí sna cúirteanna i bpostanna éagsúla", a mheabhraigh Eugene. "D'oibrigh sé ar feadh roinnt blianta leis an mBreitheamh Spain sa Chúirt Chuarda. Is sa ról seo a thaisteal sé mórthimpeall na tíre ag casadh le baill fhoirne éagsúla na Cúirte Cuarda. Roimh dó teacht ar bord sna cúirteanna, bhí gairmréim fíor-éagsúil ag Vincent. D'oibrigh sé sa Chabhlach Ceannaíochta agus i mórán tithe tábhairne mórthimpeall Bhaile Átha Cliath". Is trína chuid oibre sa Chabhlach Ceannaíochta a chríocnaigh Vincent amach mar dhuine fíor-phoncúil. "D'fhéadfá d'uaireadóir a shocrú leis", a deir Eugene. "Bheadh Vincent ag geataí na gCeithre Chúirt ag 6 a'chloig gach maidin ar an bpointe agus fiú amháin ar laethanta saoire bainc áirithe! Is oibrí fíor-iontaofa a bhí ann agus rinne sé post ar bith a tugadh dó go maith."

Ba mhaith le Nuachlitir sa Seirbhíse Cúirteanna saol fada sona scoir a ghuí ar Vincent.



# Deir giúistísí go raibh maith agat as ucht cuairte a bhí eagraithe go maith



**Thug grúpa de 24 giúistís ó Shasana agus an Bhreatain Bheag cuairt ar Bhaile Átha Cliath le déanaí. Deireann ceannaire an turais Matt Preston, JP, níos mó linn faoina gcuid oibre agus cad atá foghlamtha acu ón gcuairt**



Giúistísí ó Shasana agus an Bhreatain Bheag ar chuairt le déanaí chun na Seirbhíse Cúirteanna.

Ag cuimsiú Giúistísí agus lucht deonacha ó Sheirbhís Tacaíochta na bhFinnéithe ó chúig chúirt i limistéar Iar-Dheiscirt Londain, rinne ár ngrúpa ionadaíocht do chuid de na binsí is gnóthaí i Sasana.

Beidh mórán agaibh eolach gur lucht deonach tuata iad Giúistísí Shasana. Tá breis agus 30,000 Giúistísí ag breithniú in os cionn 450 cúirt i Sasana agus sa Bhreatain Bheag. Suímid le taobh 300 Giúistísí gairmiúla (Breithiúna Dúiche mar atá aithne orthu) a úsáidtear go minic le haghaidh cásanna níos faide. Ar an gcúirt choiriúil níos ísle, déanaimid ról a chomhlíonadh atá cosúil leis na Cúirteanna Dúiche, cé gur thugamar faoi deara go raibh cumhachtaí níos leithne ó thaobh pianbhreithe ag bhur mbreithiúna.

Ag caitheamh an chéad chuid den tseachtain i mBaile Átha Cliath, 'sí an sprioc a bhí ná comparáid agus codarsnacht a dhéanamh leis an gcóras ceartais choiriúil i bPoblacht na hÉireann lenár gceann féin, roimh an deis a thógáil taisteal ó thuaidh chun breathnú ar na himeachtaí i mBéal Feirste. Tá córas dlí agus eagrú breithiúnach atá difriúil de bheagán ónár gceann féin.

Tá an léiriú is fearr ar an suim atá againn i bhur gcuid oibre le sonrú sa mhéid agus go raibh an turas féin-chistithe agus comhlíonta ar bharr na ndualgas breithiúnacha atá againn agus tiomantais fostaíochta nó gnó. Sna cúrsaí seo, b'fhiú go mór an turas toisc saibhreas na faisnéise a aimsíomar ó chuairteanna chun na Seirbhísí Cúirteanna, Promhaidh, Gardaí agus Príosúin. Bhí sé fíor-spéisiúil fáil amach faoi na dúshláin atá romhaibh amach - mórán atá inaitheanta - agus na gnóthachtálacha maidir le seirbhís ghairmiúil a sheachadadh chun riachtanais an phobail agaibh a shásamh.
Bhain mé taithneamh, ach go háirithe, as feiceáil conas mar a dearnadh bhur seirbhísí cúirteanna a chomhtháthú, toisc nach bhfuil an próiseas sin díreach tosaithe againn féin. Is cosúil gur toisc sheasta í athrú i ndlínse ar bith!

Ina iomláine, bhíomar fíor-shásta leis an bhfáilte a aimsíodh agus méid an ullmhúcháin agus na hiarrachta chun freastal ar ár gcuid leasanna. Bhí an aimsir go maith fiú amháin agus sílim go gcuimhneoimid go deo ar bhfáilte iontach a cuireadh romhainn le fada.

# Cuairteoirí ó Chúirt Dlí Teaghlaigh na hAstráile





Clé go deas: Diarmaid MacDiarmada (Stiúrthóir Oibríochtaí, An Chúirt Chuarda agus An Chúirt Dúiche), PJ Fitzpatrick (POF, An tSeirbhís Chúirteanna), Richard Foster (POF, Cúirt Teaghlaigh na hAstráile), an Breitheamh Diana Bryant (Príomh-Bhreitheamh, Cúirt Dlí Teaghlaigh na hAstráile), Carol Coulter (Tuairisceoir Dlí Teaghlaigh)), Angela Filippello (Príomhchláraitheoir, Cúirt Teaghlaigh na hAstráile), Noel Rubotham (Stiúrthóir Athchóirithe agus Forbartha)



PJ Fitzpatrick (POF, An tSeirbhís Chúirteanna) ag déanamh bronnadh ar an mBreitheamh Diana Bryant (Príomh-Bhreitheamh, Cúirt Dlí Teaghlaigh na hAstráile)

## An Fhionlainn





Noel Rubotham (Stiúrthóir Athchóirithe agus Forbartha) and Noel A. Doherty (An Stiúrthóireacht um Athchóiriú agus Forbartha) ag tabhairt cuntas ar "an outline of Civil and Criminal Jurisdiction and Procedure in Ireland" do bhreithimh atá ar cúirt ón bhFionlainn.

## An Iorua





Michael Byrne (Stiúrthóireacht TFC), Diarmaid MacDiarmada (Stiúrthóir Oibríochta, An Chúirt Chuarda agus An Chúirt Dúiche) agus Mary Crowley (a bhíodh ag obair leis an Stiúrthóireacht um Oibríochtaí na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche) ag míniú an Chórais Ar Líne um Éilimh Bheaga do bhreithimh na hIorua.

# Téann clár for-rochtana ó Neart go Neart

**Tar éis cúpla seachtaine eile a bhí gnóthach, labhair Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna leis an gcomhordaitheoir for-rochtana Teresa Brophy agus d'iarradar uirthi faoina tharla in Aibreán agus Bealtaine.**

## Grúpa Óige Foróige



Tugadh léiriú ar leith don ghrúpa óige Foróige ón Droichead Nua lena gceannaire, Noreen Maye, ar an saol laistigh de sheomra cúirte, ó thaobh na foirne cúirte agus na daoine atá cúisithe, nuair a thugadar cuairt ar Na Ceithre Chúirt agus ar Chúirt Dúiche Thobair Bhríde le déanaí.

## Mic Léinn Dlí agus TCF na hÍsiltíre



D'aontaigh mic léinn sa Dlí agus Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide ag Rijks University i nGroningen na hÍsiltíre, go raibh an chuairt a thugadar chun na Seirbhíse Cúirteanna "thar cionn". Tugadh caint don ghrúpa deichniúr ar an gCúirt Tráchtála ó Chláraitheoir na hArd-Chúirte Angela Denning agus Michael Byrne ón Stiúrthóireacht TFC. Bhí suim acu cloisteáil ach go háirithe faoi Thionscadal Píolótach Ar Líne um Éilimh Bheaga a seoladh le déanaí. Bhí deis ag an ngrúpa chomh maith, breathnú ar chásanna a bhí á n-éisteacht i gCúirt Dúiche Thobair Bhríde agus san Ard-Chúirt.

## Grúpa gníomhaíochta lucht scoir, Achadh an Iúir, Co. an Chabháin



## Grúpa gníomhaíochta lucht scoir, Clóirtheach, Co. Uíbh Fhailí



Tugann grúpaí gníomhaíochta lucht scoir ó Achadh an Iúir sa Chabhán agus Clóirtheach in Uíbh Fhailí a mbeannacht do phrobháid. Tugadh cainteanna do na grúpaí, a tháinig go caoga duine, ón Oifigeach Probháide Annette O'Connell agus Edel Thompson ón Oifig Phrobháide agus bhí mórán ceisteanna acu ar Edel agus Annette faoi iarratais phearsanta a dhéanamh ar phrobháid.

Sna Ceithre Chúirt, labhair An Breitheamh Paul Carney le grúpaí faoi imeachtaí coiriúla in Éirinn agus ghlac sé le ceisteanna ón lucht éisteachta díograiseach. Ag deireadh an lae, dúirt bean amháin ó Chlóirtheach, "seo an turas lae is fearr a bhí ag an ngrúpa seo riamh".

**Míle buíochas le Heather agus Leah ó Mheánscoil Mount Anville don chúnamh iontach a thugadar do Teresa ar an lá.**

### Faisnéis ar an gclár for-rochtana

**Tógann an clár briseadh le linn míonna an tsamhraidh, ach beidh sé ar ais arís i mbun oibre i mí Deireadh Fómhair. Chun breis sonraí a fháil, déan teagmháil le Teresa Brophy ar 01-888-6463 nó tbrophy@courts.ie.**

# Ag casadh le seanchairde ag "Tráthnóna Samhraidh i Margadh na Feirme"

**"Ócáid iontach eile" a dúirt ceann de na daoine a bhí i láthair le cur síos a dhéanamh ar an ócáid. Fuarthas glaonna ó dhaoine ag gabháil buíochais le Teresa Brophy agus a criú d'oíche a bhí fíor-thaitneamhach. Thaisteal daoine ó cheantair chomh fada le Sasana chun freastal ar an ócáid.**

"D'iarrfá ort féin cad í an ócáid spreagúil seo a shleamhnaigh ó mo dhialann shóisialta?". An séú Tráthnóna Samhraidh bliantúil i Margadh na Feirme a bhí i gceist. Bhí fíon ar fail do na haíonna a bhí á thionlacan ag ceol deas ó Chór na Seirbhíse Cúirteanna, faoi stiúir Owen C. Lynch. Chan Owen amhrán fiú amháin agus leanadh ansin le píosa uirlise ar an veidhlín seinnte ag Owen agus Ann Cullen.

Is deis atá sa Tráthnóna Samhraidh do bhreithiúna agus baill fhoirne atá ar scor casadh le seanchairde, agus i gcásanna áirithe, cairde nua a dhéanamh. Is féidir leis na baill fhoirne reatha am a thógáil chun labhairt lena n-iar-chomhghleacaithe, le ceapaire agus cupán tae nó gloine fíona. Is deis atá ann chun súil a chaitheamh siar ar an am atá thart agus an spraoi a bhí againn sna laethanta oibre. Is féidir le daoine eile scéalta a roinnt faoina bhfuil tarlaithe le bliain anuas ó bhuaileadar le chéile go deireanach. Tá daoine eile anseo don chéad uair. Tá gach duine aontaithe go bhfuil an-spraoi ag baint leis an Tráthnóna Samhraidh. Go dtiocfaidh an bhliain seo chugainn arís go luath!



Susan agus Dermot Farrelly ag baint sult as an oíche.



Liam Bates agus Benny O'Sullivan (Oifig an Scrúdaitheora)



Ó chlé go Deas: Bridget McArdle, Magdalen McGonigle, Margaret Murphy agus Myra Cunningham i gcomhrá le



Ó chlé go Deas: Eileen Collins, Helen Waldron, Tony Behan, Phyllis O'Donoghue, Kevin Waldron, Chris Lehane (Oifig Phrobháide), Sean O'Broin (Iniúchadh Inmhéanach).

**An chéad dáta eile sna dialanna ná an tAifreann bliantúil i mí na Samhna ar son na mbreithiúna agus foireann atá imithe ar shlí na fírinne. Más breitheamh nó ball foirne ar scor atá ionat (nó má tá aithne agat ar bhreitheamh nó ball foirne ar scor) agus gur mhaith leat go gcuirfí lenár liosta poist tú, déan teagmháil le Catherine O'Leary ag (01) 8886459 nó Oifig Faisnéise, Teach an Fhionnuisce, 15/24 Sráid an Fhionnuisce Thuaidh, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7. Is féidir leat ríomhphost a sheoladh go dtí: co'leary@courts.ie**

# Deá chomhartha do ZODIAC



**Cuireann an Stiúrthóir David Fincher deireadh lena hiatas cúig bliana leis an saothar oibre iontach, agus an léiriu aige ar chás an dúnmharfóra Zodiac i Meiriceá. I Zodiac, cloíonn Fincher leis na fréamhacha scéinséara dorcha atá aige, ach leathnaíonn sé na teorainneacha sa mhéid agus go cuireann sé mórlach an scannáin i láthair ó pheirspictíocht an tseomra nuachta.**

Ar bhealach nach bhfuil cosúil leis na saothair shuntasacha roimhe seo, (Se7en, Fight Club, Panic Room) níl Fincher ag iarraidh an-iomarca a dhéanamh leis an gceamara. Ina ionad sin, díríonn sé ar shonraí. Ó lógónna seanré Universal agus Warner Brothers go dtí na pinn a úsáideann na carachtair, tugtar ar aistear muid i dtréimhse ama na 60aidí-70aidí lena mbaineann an Zodiac go príomha . Aimsíonn an scannán atmaisféar agus sonraí a bhí le brath ag tús dheich mbliana na 1970aidí i San Francisco le cruinneas oilte. Chomh fada leis na fógraí ar an raidió agus na pearsantachtaí teilifíse éagsúla.

Tríd an scannáin, cuirtear ceithre mhórcharachtar in aithne dúinn atá gafa leis an dúnmharfóir Zodiac, duine amháin a thugann a chuid ama ar fad don chás, ag déanamh neamhaird dá chlann sa phróiseas agus ag cur a shaol i mbaol chun teacht ar an dúnmharfóir. Tá an carachtar seo, Robert Graysmith, scríbhneoir an leabhair ar a bhfuil an scannán bunaithe, curtha i láthair go néaróiseach ag Jake Gyllenhaal. Léiríonn Robert Downey Jr. go bhfuil sé fó ar cheann de na haisteoirí is fearr i Hollywood lena léiriú tirim, deisbhéalach, féin-scriosach ar an tuairisceoir Paul Avery. Cuireann Anthony Edwards páirt William Armstrong i láthair, bleachtaire atá mar chomhpháirtí ag David Toschi atá curtha i láthair ag Mark Ruffalo.



Rud amháin atá le sonrú faoin scannán, na nach é an an scéinséar sraith-dhúnmharfóra a fheictear go coitianta. Níl sé cosúil le Se7en, agus ná bí ag súil go mbeidh. Seo scannán le fíricí, scannán a chuireann oideachas ar fáil comh maith le taitneamh. Rud amháin a rinne an scannán seo ná gur choinnigh sé mé féin agus mórlach na ndaoine sa phictiúrlann greamaithe leis an scáileán. Tá stíl Fincher iontach ar fad, rud a bhaineann d'aird thar rud ar bith eile.

Tá an scannán suite thar tréimhse 20 bliain nó mar sin, ag tógáil léim chun tosaigh mar a thagann fianaise nua chun cinn. Tá sé bunaithe go dílis ar na dúnmharaithe Zodiac a tharla i bhfírinne agus ar na fiosruithe a lean.

Tá an scannán fada ag beagnach 3 uair - sin an argóint amháin atá agam. Tá eachtraí scanrúla sa dara leath dúghafach agus níor airigh mé go raibh sé ró-fhadálach.

Ní bheidh fios riamh maidir le haitheantas an Zodiac. Seo 'psycho' fíreannach amháin a fuair an ceann is fearr ar an gcóras.

*Ronan Power*



# Minor Offences




**Mar ata feicthe againn le déanaí, go brónach, le daoine óga ag teacht os comhair na cúirte ar na cúisimh is tromchúisí - baineann cuid de na cásanna is mó atá tagtha chun cinn le blianta beaga anuas le daoine óga - déanaimid dearmad go minic cé chomh óg agus atá cuid de na leanaí seo.**

Déagóirí atá bainteach le Gardaí a mharú trí ghníomh na spraoithiomána, rannpháirtíocht in ionsaithe éignithe agus droinge, ag dul ar fheachtais neamhdhleathachta agus a bheith chomh leochaileach go ndéantar striapacha as leanaí 13 bliana d'aois - máthair an linbh bainteach i gcás amháin.

Tugann an leabhar nua seo léargas ar dhéagóirí a chaitheann níos mó ama sa seomra cúirte ná mar a chaitheann siad sa seomra ranga - nuair a fheictear taithí na Cúirte Leanaí mar dheasghnáth aistrithe saoil agus dóchúlacht an Orduithe um Iompar Frithshóisialta mar shuaitheantas féideartha onóir.

Déanann Minor Offences an liodán tragóideach de ghortú, coiriúlacht, agus díghrádú a chíoradh, atá mar meath ar shaolta leanaí atá damáistithe na daoine sin a bhfuil éifeacht acu orthu.

Scríofa ag Tom Tuite, a oibríonn go lánaimseartha ag clúdach na Cúirte Leanaí don phreas náisiúnta, is saothar atá sa leabhar Gill and Macmillan seo do seilf thaighde, ach le haghaidh léamh dúshlánach chomh maith a thugann tuiscint réadach ar thaithí na leanaí lena ndéileáileann na cúirteanna.

*Gerry Curran*

# An Íoslainn. . .ag lorg áit atá deas le cuairt a thabhairt uirthi?!

**B'fhéidir nach raibh an ghrian ag scoilteadh na gcloch an áit féin fíor-chostasach. Tá mórán ar fáil san Íoslainn, mar sin féin, mar a fuair Mary Murphy ó Oifig an tSannaí Oifigiúil (agus Leas-Eagarthóir ar Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna go dtí le déanaí) amach le déanaí.**

Is féidir le tréimhse na bliana mórán difríochta a dhéanamh, cosúil le Páras san Earrach, nó garbhchríocha na hAlban sa bhFómhar agus mar sin de. Ní fhuaimníonn mí Márta san Íoslainn mar an gcéanna, agus sin an fáth go raibh an-chuid dár dturas le déanaí caite ag breathnú ar radharc tíre mórthaibhseach... inár dtreoirleabhar.



Mar atá coitianta san Íoslainn, shroicheamar ceann scríbe le reoghaotha, flichshneachta trom agus teochtaí a bhí ag titim. Dhúisíomar go tírdhreach cathrach faoi shneachta agus rinneamar tiomáint trí bhruachbhailte neamhionsparáideacha na príomhchathrach go dtí an tírdhreach bolcánach ar leith. An chéad stop a bhí againn ná páirc náisiúnta Pingvelir, an láthair a bhí ag tionól stairiúil na Lochlannach san Íoslainn, roimh stopadh chun breathnú ar Gullfoss mórthaibhseach, áit a shreabhann abhainn 100 troigh síos ailt le torann bodhrach. Bhí deireadh an bhóthair (go liteartha!) den turas ar an gcuid is fearr chomh maith - Geyser - an áit a thug an ainm don bhfeiniméan, ag breathnú ar uisce fiuchta ag léim 66 troigh san aer ón talamh gach 5 nóiméad nó mar sin. Bhí sé seo dochreidte le feiceáil cé go raibh boladh géar uaidh - is praghas beag le n-íoc iad múch shulfarach ar uisce te atá gan teorainn.

Is fo-tháirge saorga é an 'Blue Lagoon', ó stáisiúin geoiteirmeach atá i ngaireacht. Seo agaibh an chuid eolaíochta... ritear uisce ó stáisiún cumhachta atá i ngaireacht a dhéanann é a phumpáil 2km faoi dhromchla an domhain ag teocht de 240° C. Ritheann an t-uisce trí phróiseas ina ndéantar an t-uisce te a úsáid chun leictreachas a ghiniúint agus uisce úr a théamh. Go bunúsach, tá sé cosúil le folcadh deas te a thógáil lasmuigh le tírdheach bolcánach agus sneachta mórthimpeall. Tá mianraí cuimsithe san uisce, a chuidíonn le riochtaí chraicne ach dar ndóigh, an rud is iontaí ná a bheith taobh amuigh i d'éide snámha sa sneachta, cé go bhfuil an uisce te. Ní cúis iontais í, go bhfuil an siúlóid ghearr ón tseomra gléasta chuig an uisce i bhfad níos deacra ná an turas ar ais nuair atá tú scallta de bheagán ag an uisce te.

## Eolas úsáideach

Ní féidir eitilt go díreach ó Bhaile Átha Cliath go Reykjavik i láthair na huaire. In ionad sin, rinneamar eitilt a thógáil go Stansted agus eitilt a fháil uaidh sin go le Iceland Express. Rinneamar eitilt a thógáil ó thuaidh ansin go Akuyeri le Iclandair. Tá feithiclí ar cíos (cé go bhfuil breis dainséir i gceist!) níos saoire na turais eagraithe. Chun breis faisnéise a fháil, caith súil ar: http://www.visiticeland.com

D'airíomar sna coinníollacha sneachta ag Lake Myvatn, fiú amháin le caighdeáin na hÍoslainne, cosúil le lucht taiscéalaíochta a bhí ag iarraidh tír-raon naimhdeach a shárú. Chiallaigh síobadh sneachta an lá ina dhiaidh sin (de réir na gcaighdeán atá againn féin in Éirinn), go mb'éigean dúinn athbhreithniú ar ár gcuid pleananna a thaiscéaladh, ach ar an lá deiridh, d'éirigh linn dul chomh fada ó thuaidh le Husavik, 20 míle ón gCiorcal Artach.



Ba í an oíche dheiridh a bhí againn le bruach Lake Myvatn an deis amháin a bhí againn na soilse a fheiceáil. D'imíomar linn le luas isteach san oíche sheaca, inar thógamar stop nár chuir iontas ar aon duine, murlach (lagoon) eile agus ar ais leis an éide snámha in athuair. Ón méid a dúirt ár dtreoraí linn, imíonn teaghlaigh na hÍoslainne go murlaigh chomh rialta le, bhuel, muintir na hÉireann agus an teach tábhairne! Bhí an murlach seo níos mórthaibhsí fós ná an 'Blue Lagoon' toisc dorchadas na hoíche agus na réalta sa spéir. Bhí sé ar fad fíor-idéalach go dtí gur reo an taisleach ar mo ghruaig, agus mé fágtha go hiomlán 'liath' le mo chuid fabhraí anois soladach... fuair mé amach níos déanaí go raibh sé lúide 16!

Níos déanaí san oíche, rinneamar sáriarrachtaí breathnú tríd na bhfuinneog oighreata lenár dtreoraí ag iarraidh na soilse a aimsiú. Ghlaoigh sé ar a sheanmháthair fiú amháin chun fáil amach an raibh na soilse le feiceáil san áit ina raibh cónaí uirthi. Tar éis 40 nóiméad nó mar sin, stopamar agus d'éiríomar amach ón gcarr, agus chonacthas le hiontas gluaiseacht éadrom glas i spéir na hoíche. Feicthe againn ar deireadh!

Is tír ar leith í An Íoslainn - go háirithe, is brionglóid í do dhíograiseoirí tíreolais le beagnach gach caol-léargas ag meabhrú rang scoile blianta ó shin. Tá an radharc, fiú amháin clúdaithe le sneachta, mórthaibhseach ar fad; agus tá 'óige' na háite i dtéarmaí tíreolais ag tabhairt stádas ar leith di. Cé nár chaitheamar ach roinnt beag ama i Reykjavik, is mórchathair dheas ag éalárnach í ar bhealach 'Northern Exposure' nó 'The Shipping News' le cearnóga phictiúrtha, calafort ar leith agus rogha maith de mhúsaeim agus dánlanna ealaíne.

# Ag coinneáil sa tsiúl le cúrsaí sóisialta

**Tugann an Cathaoirleach Nua ar Chlub Sóisialta na Seirbhíse Cúirteanna, Finn Ryder, nuashonrú dúinn ar a bhfuil ag tarlú maidir le cúrsaí sóisialta**



Eric Shantz

Chuaigh os cionn 40 ball chuig na madraí (ní go liteartha dar ndóigh!) i **bPáirc Shelbourne** i mí Márta atá anois mar ócáid bhliantúil don Chlub Sóisialta. Mar is iondúil, d'éirigh go geal leis na mná. Cibé ar bith, rud a bhí difriúil nár gur éirigh leis na fir dul abhaile le dóthain airgid chun an táille bus a chlúdach. Is cosúil go raibh bean ón 6ú urlár i dTeach an Fhionnuisce ag tabhairt nodanna do na rásaí. Is deacair a thuiscint, nuair a d'iarr mé uirthi le haghaidh ceann, rith a ádh amach agus chaill mé mó gheall €1!

Bhí ár gcéad **Oíche Ghrinn** againn i mí Bealtaine. Bhí Ross Brown mar MC don oíche a chuimsigh taibhithe ó Robbie Bonham, Eric Shantz agus Keith Anderson. Is beag nár éirigh leis an lucht féachana dul chuig an mbeár, ar eagla go gcaillfidís amach ar an ngreann agus an drochíde a bhí le teacht ó na fir grinn áiféiseacha seo. Chuaigh na fáltais ar fad ón oíche iontach seo go Special Olympics Ireland. Buíochas mór arís le gach duine a bhí i láthair!

**Súil ar imeachtaí amach romhainn:**
Beidh Oíche Rásaí ann i mí Iúil ar son carthanachta agus ár mBairbiciú i mí Lúnasa/Meán Fómhair. Tá gach seans go mbeidh **Comórtas Púil** chomh maith. Ag teacht le deireadh na bliana, beidh ár **dTráth na gCeist Bliantúil** againn agus **Cóisir na Nollag** chun críoch a chur leis an mbliain dar ndóigh.

Tá ballraíocht an choiste sa Chlub Sóisialta dúbailte i mbliana, agus beimid ábalta imeachtaí níos mó agus níos fearr a chur ar fáil daoibh dá bharr.

Cuimhnigh gur DO CHLUB atá ann, agus má tá aon smaointe nó moltaí agat d'imeachtaí nó aon ráitis go ginearálta, seol r-phost chugainn ag Socialclub@courts.ie

Ba mhaith liom buíochas mór a ghabháil le George Hanlon dá cuid oibre ar fad le linn an achair (fada) aige mar Chathaoirleach. Tá mórán iarrachta déanta ag George le himeachtaí a eagrú agus tá obair na gcapall déanta aige don Chlub Sóisialta. Ní bheadh an Club Sóisialta ann murach é. Nár laga Dia tú Geo!

# Na Cluichí Oilimpeacha Speisialta Domhanda 2007

**Tá Na Cluichí Oilimpiceacha Speisialta Domhanda ag tarlú i mí Deireadh Fómhair 2007 i Shanghai, An tSín. Tá George Hanlon d'Oifig Dlí Teaghlaigh na Cúirte Cuarda i mBaile Átha Cliath, agus rannpháirtí le fada i Nuachlitir na Cúirte Cuarda, roghnaithe mar chúntóir sna cluichi agus bhur gcúnamh á lorg aige.**

Seo an chéad uair a bheidh na cluichí san Áis agus an dara uair a bheidh na cluichí ar siúl lasmuigh de S.A.M., leis an gceann eile ar siúl in Éirinn i 2003. Táim mar oibrí deonach leis na Cluichí Oilimpeacha le breis agus cúig bliana agus oibrím mar chóitseálaí le Cumann Sacair Stillorgan Rangers. D'oibrigh mé chomh maith mar Chomhordaitheoir um Sheirbhísí Teaghlaigh ag na Cluichí Domhanda i 2003, agus táim roghnaithe mar cheann den 200 oibrí deonach a chuideoidh leis na cluichí i Shanghai. Tá mórán cairde nua déanta agam, táim tar éis taisteal ó cheann ceann na hÉireann agus tá mórán taithí roinnte agam le cúig bliana anuas agus is féidir liom a rá go sábháilte go bhfuil mo





chuid ama mar oibrí deonach leis na Cluichí Oilimpeacha tar éis cur le mo shaol go mór.

Ag teacht i dtreo na gcluichí domhanda i 2007, tá sé aontaithe agam airgead urraíochta a chruinniú agus beidh mé rannpháirteach i roinnt imeachtaí tiomsaithe airgid – coinnigí súil más é bhur dtoil é d'imeachtaí a bheidh ag teacht aníos. Tá oíche rásaí á reachtáil ag Club Sóisialta na Seirbhíse Cúirteanna ag an Park Inn, Margadh na Feirme i mí Lúnasa. Dá mba mhian leat cuidiú leis an tiomsú airgid, déan teagmháil liom más é do thoil é. Tá Cuntas Bainc Uimh. 67128201 Cód Sortála 900092 ag Banc na hÉireann, Margadh na Feirme agus is féidir le duine ar bith a bhfuil admhálacha de dhíth orthu na duillíní lóisteála agus sonraí teagmhála a sheoladh ar aghaidh chugam ag Oifig Dlí Teaghlaigh na Cúirte Cuarda, Teach an Fhionnuisce, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7.



# Gerry Flanagan agus an iomrá atá ar Pháirc an Chrócaigh

**Le mórmholadh ó bpobal go coitianta, d'oscail CLCG geataí Pháirc an Chrócaigh, do chluichí idirnáisiúnta rugbaí agus sacair níos luaithe sa bhliain. Moladh seo mar ócáid iontach spórtúil agus náisiúnta. Bhí an-suim againn a chloisteáil gur ball reatha den tSeirbhís Chúirteanna a thosaigh an próiseas chomh fada siar le 1982:**

Bhí Gerry Flanagan, giolla cúirte do Bhreitheamh na Cúirte Uachtaraí, An Breitheamh Denham, mar Chathaoirleach ar Chumann CLCG Dún Seachlainn i 1982. Mhol sé "go scrúdódh an CLCG an seasamh atá acu maidir le sacar idirnáisiúnta a imirt ag Páirc an Chrócaigh" ag cruinniú club roimh Chomhdháil Bhord an chontae sa bhliain sin. Ba é bunús na smaointeoireachta a bhí aige ná caidreamh pobail



Éire – v – An Fhrainc, an chéad chluiche rugbaí riamh i bPáirc an Chrócaigh.



Bhí Gerry ina chóitseálaí peile chomh maith leis an gclub agus contae araon i gContae na Mí, le linn na 80aidí agus 90aidí agus leanann sé mar chóitseálaí ar an bhfoireann sinsir ina chlub áitiúil i nDún Seachlainn, Co. na Mí.



Éire –v– An Bhreatain Bheag, an chéad chluiche sacair riamh i bPáirc an Chrócaigh.

an Chontae", a deir Gerry linn. "Cuireadh an chéad rún faoi bhráid Bord Contae na Mí i 1982, ach rinneadh rialú go raibh sé as ord toisc nach raibh riail ar bith luaite". Níor chuir sé seo stop leo, agus d'ardaíodar an rún in athuair ag Comhdháil 1983. Chruthaigh sé díospóireacht bhríomhar ag an am, ach diúltaíodh don rún. Lean an cheist ar aghaidh agus ar aghaidh go dtí go raibh conclúid ar an gceist an bhliain seo caite. Do Gerry, tá sé seo ag teacht le tamall fada. Ach mar a deir sé "Táim fíor-bhródúil gur chuir mé tús le díospóireacht a thug uchtach do chontaetha eile rúin a chur faoi bhráid an bhliain seo caite".

**Agus an eol duit Gerry, tá seans nach bhfuil tú ar an duine amháin a thagann leis na smaointe seo!**

# Nuacht an chumainn sacair

Tá foireann iontráilte ag Cumann Sacair na Seirbhíse Cúirteanna sa Léig Idir-Ghnólachta don dara bliain. Shroicheadar na babhtaí ceathrú ceannais an bhliain seo caite agus táid ag súil le dul ceann nó dhó nó trí níos fearr an séasúr romhainn amach.

Má tá suim agat a bheith mar bhall den bhfoireann, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le Andy Cleary ag 01-888 6208 nó Rob Rogers ag 01-888 6207. Beidh an fhoireann san iomaíocht chomh maith i gcoinne Seirbhísí Cúirteanna na hAlban, Tuaisceart Éireann, Shasana agus na Breataine Bige i Newcastle i mí Meán Fómhair.

Tá mórfháilte roimh lucht leanta freastal ar na cluichí léige. Beidh na cluichí ar fad ar siúl i dTailte Spóirt an Chumainn Dlí ag Plás Bhlaithghall.



'Siad na cluichí ar fad don séasúr ná:

**Mí Iúil**

| | | |
|---|---|---|
| **Dé Céadaoin,** | **11ú ag 8in** | **v DE** |
| **Dé hAoine,** | **20ú ag 6.45in** | **v SF** |
| **Dé Céadaoin,** | **25ú ag 8in** | **v LA** |
| **Dé Luain,** | **30ú ag 8in** | **v MHC** |

**Mí Lúnasa**

| | | |
|---|---|---|
| **Dé Luain,** | **6ú ag 6.45in** | **v BCS** |
| **Dé Céadaoin,** | **8ú** | **Cluiche Ceathrú Ceannais** |
| **Dé Luain,** | **13ú** | **Cluiche Leath-Cheannais** |
| **Déardaoin,** | **11ú ag 7in** | **Cluiche Ceannais** |

D'fhéadfaí dátaí agus amanna na gcluichí thuasluaite athrú. Coinnigh súil ar Chlár Fógraí na gCúirteanna do nuashonruithe.

# Tráth na gCeist. . . Le do Mháistir ar Thráth na gCeist, Tony Lawlor

**San eagrán seo, is mian liom impí a dhéanamh ar na sámhaithe go léir amuigh ansin. Táim ag iarraidh bhur n-inntiní a dhíriú ar chúrsaí teilifíse don tráth na gceist seo. Cúpla ceist teilifíse faoi shobalchláir agus cúrsaí ginearálta chun an intinn a chur ag rith:**

1. **Ainmnigh an aisteoir atá i bpáirt Gil Grissom i CSI: Crime Scene Investigation?**
2. **An féidir leat an baile ficsin a ainmniú ar a bhfuil Fair City bunaithe?**
3. **Cén clár spóirt a chuireann Trevor Welch i láthair ar TV3?**
4. **Tá Wysteria Lane mar bhunáit don sraith?**
5. **Cé atá ina (h)óstach don tsraith RTÉ "Show me the Money"?**
6. **Cén ainm atá ar mhadra Chesney i Coronation Street? (leid: ba fear iontach ón Danmhairg a bhí ann tráth dá raibh!)**
7. **Cé a chuireann réamháisnéis na haimsire i láthair ar TV3?**
8. **Céard a bhí mar theideal bunaidh ag Emmerdale?**
9. **Cén t-am a chraoltar nuacht an tráthnóna ar BBC 1?**
10. **Cé a scóráil an cúl amháin i gCluiche Ceannais Corn an F.A, ag an Wembley nua? (bhí an cluiche ar an teilifís.)**




Séanadh: Ní chuireann na ceisteanna thuas in iúl ar bhealach ar bith an toighis, nó easpa toighse, atá agam i bhféachaint teilifíse.

Agus dála an scéil, má bhí amhras ar bith oraibh, is féidir liom a dhearbhú go n-imím amach anois agus arís!

**Seol do chuid freagraí go dtí: Tony Lawlor, Oifig Faisnéise na Seirbhíse Cúirteanna, Teach an Fhionnuisce, 15/24 Sráid an Fhionnuisce Thuaidh, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7, nó trí ríomhphost go dtí alawlor@courts.ie**

# 'Siad na freagraí don tráth na gceist ceoil in eagrán mí Márta ná:

Simon & Garfunkel – Homeward Bound
James Taylor or Carole King – You've got a friend
Bob Dylan – The times they are a changin'
Bruce Springsteen – The River
Bruce Springsteen – Born to run
Billy Joel – Piano Man
Christopher Cross or N sync – Sailing
Meatloaf – Bat out of Hell
Police – Message in a Bottle
Snow Patrol – Chocolate
Fleetwood Mac – Go your own way
Cold Play – Clocks
ABC – Poison Arrow
Supertramp – The Logical Song



**agus an duine buacach ná: Ita O' Neill Uasal,**
Feidhmeannach Dlíthiúil, J.B. Hickey & Associates, Aturnaetha, 10 Sráid Bhaile Coimín, Baile Átha Cliath 7.

# Súil Phearsanta ar Elaine Jones, Oifig Réigiúnach an Deiscirt

**Cén carachtar ficsin (scannán/leabhar/teilifís srl) is mó lena dtaobhaíonn tú?**
Angelica (Rugrats)
**Cén scannán is fearr leat agus cén fáth?**
'Happy Gilmore' – Táim ag gáire fiú amháin ag smaoineamh faoi.
**An leabhar is fearr leat?**
An ceann is fearr liom le déanaí – 'We need to talk about Kevin' le Lionel Shriver
**An t-amhrán is fearr leat?**
'Don't Speak' le No Doubt – Cuireann sé samhradh deas i gcuimhne dom.
**Dá mbeifeá le sáinniú in ardaitheoir cé hé/hí ab fhearr leat go sáinneofaí ann leat agus cén fáth?**
Morgan Freeman – D'fhéadfainn éisteacht lena ghuth go síoraí.
**Ainmnigh cúigear ar mhaith leat a bheith agat chun dinnéir.**
David Walliams agus Matt Lucas ('Little Britain'), Mo dheirfiúr is óige Jackie (leantóir dúghabhálach de Little Britain – ní mhaithfeadh sí dom riamh é mura dtabharfainn cuireadh di), Eamonn Dunphy agus Mick McCarthy (Ní féidir leat argóint mhaith a shárú ag bord dinnéir).






Rinne Noel Brennan, Príomh-Chléireach i gCúirt Dúiche an Chabháin, agus a bhanna ceoil The Midnighters, CD a eisiúint le déanaí dar teideal "Memories". Sheinn an banna ceoil le chéile ó 1966 go dtí 1973, agus táid tar éis teacht le chéile in athuair cúpla babhta ó shin chun seinnt d'eagraíochtaí carthanachta. Is meascán de Cheolta Tuaithe agus cnaga ó na 60aidí iad na hamhráin. Canann Noel agus seinneann sé an bosca ceoil agus orgán ar dhá traic.
Rinneadh an CD a tháirgeadh chun cistí a chruinniú don Chumann Scléaróise Iolraigh (Multiple Sclerosis Association) sa Chabhán. Tá €2,500 cruinnithe ó dhíolacháin cheana féin. Tá costas €10 agus tá cóipeanna le fáil trí theagmháil a dhéanamh le Noel ag 049 4331585.

## Comórtas Carthanachta Sacair na Seirbhíse Cúirteanna

Beidh an comórtas ar siúl i mbliana ar Thailte Spóirt an Chumainn Dlí ag Plás Bhlaithghall ar an Déardaoin 28ú Meitheamh. Tosaíonn an spraoi ag 5.30in. Tiocfaidh an phian 5 nóiméad ina dhiaidh sin.
Bí linn chun tacaíocht a thabhairt don chúis fhiúntach seo. 'Siad na heagraíochtaí carthanachta atá le buntáiste a fháil ná an "Jack and Jill Foundation" agus "Make a Wish Foundation".



Eamonn Kiely (Bainisteoir Réigiúnach an Deiscirt), ag bronnadh a dhuais ar Shay Bowen (Oifig Chúirt Dúiche Chorcaí), buaiteoir ar Thráth na gCeist Dickens.



Coláiste na Toirbhearta, Baile Átha an Rí ar thuras le déanaí chuig na Ceithre Chúirt.



Ó chlé go deas: An Breitheamh Catherine McGuinness, An Breitheamh Alison Lindsay, An Breitheamh Elizabeth Dunne, An Breitheamh Katherine Delahunt at Bricfeasta Lá Idirnáisiúnta na mBan.



Foireann na Cúirte Dúiche & Cúirte Cuarda ag imeacht don Aturnae Stáit nua Ros Comáin,Kieran Madigan. Clé go deas: Mairead Conway (Cúirt Dúiche Ros Comáin, Ita Scanlon (Cúirt Dúiche Ros Comáin), Kieran Madigan, Mary Raftery (Cúirt Dúiche Ros Comáin), Willie Lyster (Cláraitheoir Chontae Ros Comáin)



"Cumhacht Linbh" - Amy Power, iníon le Ronan (Oifig an Mháistir Fómhais agus Léirmheastóir Scannáin intí)

Má tá grianghraf agat gur mhaith leat go n-áireofaí i Tríd an Lionsa, seol sa phost é más é do thoil é go dtí: **Tony Lawlor, Oifig Faisnéise, An tSeirbhís Chúirteanna, 15-24 Sráid an Fhionnuisce Thuaidh, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7** nó seol ríomhphost go dtí: **alawlor@courts.ie**